

— TREOIR MAIDIR LE —
CONAS TABHAIRT FAOIN
**OIDEACHAS
SAORÁNACHTA
DOMHANDA**

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

**WorldWise
Global
Schools**



LÁMHLEABHAR AN MHÚINTEORA

**Ba cheart an treoir seo a úsáid in éineacht
le hacmhainní eile de chuid WWGS.**

www.worldwiseschools.ie

MEONTA A ATHRÚ SCILEANNA AFHORBAIRT CUR LEIS ANEOLAS

Lean muid:

 WorldWiseGlobalSchools

 @WorldWise_Irl

 @global_citizenship_education

 www.worldwiseschools.ie

MAIDIR LEIS AN TREOIR

Tá an treoir seo dírithe ar iar-bhunscoileanna atá ag obair chun an tOideachas Saoránachta Domhanda a chur i bhfeidhm i measc phobal na scoile, agus a bhfuil baint acu le Clár Scoileanna Domhanda WorldWise (WorldWise Global Schools nó WWGS).

B'fhéidir go bhfuil tú ag tabhairt faoin Oideachas Saoránachta Domhanda den chéad uair nó go bhfuil taithí agat air. Cibé ceann é, cabhróidh an lámhleabhar seo leat do chleachtas OSD a threorú agus tabharfar moltaí duit maidir le conas is féidir leat dul ina bhun agus tabhairt faoi chlár WWGS.

MAIDIR LE SCOILEANNA DOMHANDA WORLDWISE

Clár de chuid Chúnamh Éireann is ea Scoileanna Domhanda WorldWise, an clár Oideachais Saoránachta Domhanda (OSD) a mhúintear in iar-bhunscoileanna na hÉireann. Tá sé ina aidhm ag WorldWise Global Schools (WWGS) tacú leis na scoileanna OSD a chomhtháthú i ngach gné den teagasc agus den fhoghlaim. Déanaimid é sin trí raon cuimsitheach tacaíochtaí agus idirghabhálacha a chur ar fáil do na scoileanna – ar nós deontais, oiliúint, imeachtaí, acmhainní agus tacaíocht phearsantaithe ónár bhfoireann.

“Thug an fhoireann ar fad gach uile chúnamh dúinn. Is scoil muid atá ag tosú ar an aistear seo, agus mhothaíomar gur tugadh tacaíocht dúinn feadh na slí le meon croíúil, le tuiscint agus le dea-ghíúmar. Fágann an ghné phraiticiúil a bhaineann leis na laethanta FGL agus leis an siompóisiam go raibh sé le háireamh i measc na mbabhtaí oiliúna is fearr ar fhreastail mé orthu riamh.

- Simon Glynn, CUS, Baile Átha Cliath

”

CLÁR NA nÁBHAR

Céard atá i gceist leis an Oideachas Saoránachta Domhanda?	4
An Bunús atá le OSD	5
Na Prionsabail lena dTreoraítear OSD	6
Seisiúin Oilíúna agus Imeachtaí do Mhúinteoirí	8
An Clár Sé Chéim – Sracfhéachaint	9
Céim 1: Cothaigh rannpháirtíocht i measc na Scoláirí agus i measc Phobal na Scoile Uile	10
Céim 2: Roghnaigh Téama Ceartais Dhomhanda	11
Seicliosta don Oideachas Saoránachta Domhanda	12
Céim 3: Déan iniúchadh criticiúil ar an Téama Ceartais Dhomhanda	13
Dianfhiosrú	14
Céim 4: Spreag feasacht	16
Céim 5: Déan gníomh	17
Foireann uirlisí maidir le Gníomh a Dhéanamh	18
Feasacht v Gníomh	20
Céim 6: Déan machnamh	21
Treoir maidir le Scafláil	22
Creat an Phas Dhomhanda	24



CÉARD ATÁ I gCEIST LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA (OSD)?

Is éard atá san Oideachas Saoránachta Domhanda...

Próiseas oideachasúil lena bhféachtar le cur le feacht agus tuiscint an phobail ar an domhan seo ina gcónaímid, domhan atá ag athrú go tapa agus atá idirspiléach agus éagothrom.

Trí chur i gcoinne steiréitíopaí agus trí smaointeoireacht neamhspleách a spreagadh, cuidíonn OSD leis na scoláirí iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar na bunchúiseanna atá le saincheisteanna ceartais dhomhanda agus ar an gcaoi a bhfuil baint ag na saincheisteanna sin lena saol féin ó lá go lá.

Spreagann OSD dlúthpháirtíocht dhomhanda trí thacú le daoine a gcearta agus a bhfreagrachtaí a chur i bhfeidhm agus barr a gcumais mar shaoránaigh dhomhanda a bhaint amach, chun gníomh fiúntach a dhéanamh ar mhaithe le domhan cóir, inbhuanaithe.



Is éard atá san Oideachas Saoránachta Domhanda...

- ✓ An ceartas domhanda a bheith ar intinn agat agus tú ag éisteacht, ag foghlaim agus ag machnamh
- ✓ Modhanna foghlama rannpháirteacha a úsáid chun an t-eispéireas foghlama a shaibhriú agus scileanna Saoránachta Domhanda a chothú, scileanna amháil smaointeoireacht chriticiúil, anailís a dhéanamh ar mheonta, meabhair a bhaint as faisnéis agus eagrú le haghaidh athraithe
- ✓ Cleachtas machnaimh dhomhain agus foghlama comhroinnte a chothú chun teacht ar thuiscint ar ghnéithe casta na héagóra agus an neamhionannais
- ✓ A bheith ag obair le comhghleacaithe agus le scoláirí chun réimsí le haghaidh comhoibríthe a shainaithint ar fud ábhar, ranna, timpeallachtaí áitiúla agus líonraí domhanda
- ✓ Scrúdú a dhéanamh ar bhunchúiseanna agus ar chúla saincheisteanna ceartais dhomhanda, in ionad díriú ar na héifeachtaí amháin
- ✓ Tacú le scoláirí maidir le labhairt amach chun seilbh a ghlacadh ar a gcuid foghlama agus gníomhú ar son athrú fiúntach

AN BUNÚS ATÁ LE OSD

Is iomaí teoiric agus staidéar ar OSD a chuir bonn eolais faoi chlár WWGS, ar nós 'Pedagogy of the Oppressed' le Paulo Freire. Leis an bhfealsúnacht oideachais sin, glactar cur chuige 'réiteach faidhbe' i leith an oideachais, cur chuige atá dírithe ar phlé, ar chómhálartacht, ar fheasacht chriticiúil, ar an nasc leis an bhfíorshaol, agus ar athrú ó bhonn a dhéanamh ar an tsochaí agus ar an duine féin. Sa Chlár Sé Chéim a leagtar amach sa lámhleabhar seo, tugtar cuntas níos mionsonraithe ar an gcur chuige atá againn maidir le OSD agus tugtar treoir i dtaobh conas an obair sin a dhéanamh go criticiúil.

Tá roinnt acmhainní ar ár suíomh gréasáin chun treoir a thabhairt duit maidir le téamaí ar leith agus réimsí fócais ar leith. Pointe tosaigh amháin a roghnaíonn scoileanna go minic is ea Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Cheap an tsochaí shibhialta agus rialtais na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe nó na Spriocanna Domhanda in 2015. Tá na 17 sprioc sin dírithe ar bheith ag obair i dtreo pláinéad inbhuanaithe, cothrom a bheith ann faoi 2030.


Cé go n-aontaímid gur maith an pointe tosaigh maith é sin do scoileanna chun saincheisteanna domhanda a iniúchadh, bíodh a fhios agat nach bhfuil gach ceann de na spriocanna dírithe go sainráite ar an gceartas domhanda. Is féidir linn anailís a dhéanamh ar na haidhmeanna féin agus machnamh a dhéanamh, mar ghrúpa nó mar scoil, ar an réimse a mbeimid ag díriú air, lena chinntiú go mbeidh an tsaincheist nó na saincheisteanna a roghnófar fréamhaithe i gcearta an duine agus sa cheartas. Mar shampla, má dhéantar scrúdú ar Sprioc 12 – Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach, ní mór breathnú ar na saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus ceartas domhanda laistigh den sprioc sin, agus ní ar na saincheisteanna comhshaoil amháin. Má fhéachaimid ar shaolré fón, ní hé amháin go bhfuilimid ag féachaint ar na mianraí teoranta atá ag teastáil, ach táimid ag fiosrú gach gné den saothrú a dhéanann tíortha agus pobail ar na mianraí sin, ar an saothar a bhaineann leis an eastóscadh, ar an mbaol sláinte dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu in aice le láithreáin eastósctha agus ar na daoine atá díláithrithe ag na tionscail sin. Leis an OSD, déantar grinnscrúdú ar shaincheisteanna ceartais dhomhanda. Fágann sé sin go mbíonn tuiscint níos iomláine againn ar an gcaoi a n-oibríonn an domhan, agus baintear leas as an tuiscint sin chun bonn eolais a chur faoi na gníomhartha a dhéanaimid agus na réitigh a cheapaimid.



1. Freire, Paulo. Pedagogy of the Oppressed. Nua-Eabhrac: Herder and Herder, 1972.

TÚS AISTIR LE OSD

- ✓ Is cuid riachtanach den chlár OSD í an phleanáil. Is fearr a dhéantar próiseas planála OSD trí chomhairliúchán agus trí chomhoibriú le baill foirne eile na scoile, leis na scoláirí, leis an Oifigeach Oideachais atá sannta daoibh, etc.
- ✓ Leag síos amchlár don tionscadal: An tionscadal bliana, leath-théarma nó téarma a bheidh ann?
- ✓ Spreag na scoláirí chun an tionscadal a threorú agus chun bheith freagrach as. Is é an ról a bheidh agatsa ná na scoláirí a spreagadh sa chaoi is go mbeidh siad in ann dul i ngleic leis na saincheisteanna agus gníomh fiúntach a dhéanamh
- ✓ Sanntar Oifigeach Oideachais réigiúnach do do scoil chun tusa agus do chomhghleacaithe a threorú agus tacú libh leis an gclár oibre OSD. Molann WWGS duit a bheith i dteagmháil rialta i rith na scoilbhliana leis an Oifigeach Oideachais a sannadh daoibh.
- ✓ Roghnaigh modheolaíochtaí gníomhacha foghlama chun foghlaim rannpháirteach a chothú trí chomhrá, plé agus díospóireacht faoi na meonta agus na ceisteanna iomadúla a bhaineann le saincheisteanna ceartais dhomhanda
- ✓ D'fhéadfadh sé go n-athrófar pointe fócais an tionscadail nuair a shainithneoidh na scoláirí ábhair nó téamaí idirghaolmhara ar spéis leo féin iad. Trí ligean don phróiseas nádúrtha sin tarlú, spreagfar na scoláirí chun seilbh a ghlacadh ar chlár OSD na scoile.



NA PRIONSABAIL LENA DTREORAÍTEAR OSD



Cur Chuige Criticiúil i leith OSD

Is éard atá i gceist le cur chuige criticiúil, anailíseach a ghlacadh i leith saincheisteanna domhanda ná próiseas chun scrúdú a dhéanamh ar an ról atá againne maidir le fadhbanna an domhain. Ní mór dúinn gan a dhéanamh amach go bhfuil réiteach simplí ann ar aon saincheist ar leith, ach ina ionad sin féachaint ar na saincheisteanna domhanda sin mar chinn atá casta, ilghnéitheach, ilsraitheach agus a mbíonn meonta éagsúla ag daoine ina leith. Leis an tsamhail 'Digging Deeper' ©, tá creat againn chun an cur chuige criticiúil sin i leith OSD a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach.



An chastacht a bhaineann le Saincheisteanna Ceartais Dhomhanda

Tá ceist na héagóra ar domhan thar a bheith casta agus dá bhrí sin ní féidir réitigh shimplí a fháil uirthi. Tá sé ríthábhachtach, agus muid ag féachaint ar bhunchúiseanna na saincheisteanna, go ndéanfar scrúdú ar an gcoilíniú, ar an gcaipitleachas, agus ar chórais a bhí i réim san am atá caithe trínar imríodh cos ar bolg ar dhaoine. Ní mór dúinn éisteacht lena bhfuil le rá ag daoine ar ghoill na rudaí sin orthu féin.

Ina dhiaidh sin, cuidíonn cleachtais thábhachtacha cosúil le hidirphlé, machnamh, díospóireachtaí agus comhráite goilliúnacha linn na saincheisteanna ceartais dhomhanda sin a iniúchadh agus a thuiscint.



An ról atá ag Saoránach Domhanda

Ní mór d'fhoghlaimoirí meon na dlúthpháirtíochta a chothú agus bá a bheith acu le daoine ar fud an domhain. Ní mór a chur ar a gcumas d'fhoghlaimoirí a bheith gníomhach maidir le feasacht a spreagadh agus athrú fiúntach a chur ar bun chun aghaidh a thabhairt ar an ról atá acu sa neamhionannas agus san éagóir atá ar domhan, ról nach ceann follasach é.



Bonn Daingean maidir le Cearta an Duine

Tá cearta an duine ina mbonn leis an iniúchadh ar théamaí OSD. Mar shampla, agus iniúchadh á dhéanamh ar shaincheisteanna ar nós ghéarcheim na bithéagsúlachta, tá sé tábhachtach breathnú ar an tionchar ar dhaoine seachas gan féachaint ach ar an tionchar ar speicis plandaí agus ainmhithe as féin. Dá bhrí sin, ní mór dúinn díriú i gcónaí ar na himpleachtaí ó thaobh chearta an duine in aon saincheist.



Dífhoghlaim agus Atógáil

Taking a critical literacy approach to exploring GCE allows students to uTrí leas a bhaint as cur chuige na litríochta criticiúla chun OSD a iniúchadh, is féidir leis na scoláirí sruthanna smaoinimh atá i réim ina dtimpeallacht féin agus atá foghlamtha acu a 'dhífhoghlaim' (an fhoghlaim a chur ar ceal). Ach saoránaigh dhomhanda a bheith eolasach, glacann siad an t-am chun iniúchadh a dhéanamh ar mheáin phríomhshrutha, dioscúrsa malartach, claontacht a d'fhéadfadh a bheith ann, steiréitíopaí, agus guthanna óna dtimpeallacht féin. Tríd an deis a thabhairt d'fhoghlaimoirí machnamh a dhéanamh ar a meonta féin agus na meonta atá ag daoine eile, cuirtear ar a gcumas dóibh an fhírinne a lorg ag croílár na saincheiste, agus a meonta féin a fhorbairt as an nua.



Scafláil leis an Teagasc agus an Fhoghlaim

Tá sé riachtanach an teagasc agus an fhoghlaim a bhunú ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí chun an tuiscint a dhoimhniú. Mar shampla, má chuirtear Lá Cóirthrádála ar bun sa scoil, féadfar an fhoghlaim a dhoimhniú ach iniúchadh a dhéanamh ar an ábhar roimh an imeacht agus scrúdú níos criticiúla a dhéanamh ina dhiaidh ar chreataí eiticiúla tomhaltóirí agus ar shlabhraí soláthair domhanda. Leis an gcur chuige comhsheasmhach sin, déantar an fhoghlaim a dhaingniú agus cuidítear leis na scoláirí teacht ar thuiscint dhomhain ar shaincheisteanna ceartais dhomhanda.



Naisc idir an Ghné Áitiúil agus an Ghné Dhomhanda

Mínigh d'fhoghlaimoirí go bhfuil saol an lae inniu thar a bheith idirnasctha agus go mbímid go léir spleách ar a chéile. Caithfidh foghlaimoirí a bheith ar an eolas agus a thuiscint go mbíonn iarmhairtí ag a gcinntí agus a ngníomhartha do dhaoine ar fud an domhain. San iniúchadh ar théamaí OSD, ba cheart saincheisteanna áitiúla a nascadh le saincheisteanna domhanda, seachas féachaint ar shaincheisteanna áitiúla astu féin.

Ba cheart dianscrúdú a dhéanamh ar ról agus cuntasacht na gcóras, na struchtúr, na gcorparáidí agus na dinimice cumhachta, agus ar na gníomhartha agus na cinnítí a dhéanaimid féin faoina scáth siúd.



Cur Chuige Dlúthpháirtíochta

Chun iniúchadh criticiúil a dhéanamh sa OSD, ní mór cur chuige dlúthpháirtíochta a ghlacadh, seachas cur chuige carthanachta, agus muid ag dul i ngleic le saincheisteanna ceartais. Ní cur chuige diúltach é gach ceann atá bunaithe ar charthanacht. Mar sin féin, is féidir le cur chuige atá bunaithe ar charthanacht an chumhacht a bhaint de phobail atá in ann a gcuid fadhbanna féin a réiteach, agus déantar steiréitíopaí agus scéalta bréagacha a bhuanú leis freisin. Cé go mbíonn cúnaimh croíúil i gceist le bailiú airgid, is féidir leis an meon 'muid féin agus iadsan' a chothú, muid a dheighilt ón bhfadhb atá ann agus í a fhágáil níos measa.

Má ghlactar cur chuige dlúthpháirtíochta i leith OSD, déantar scrúdú níos doimhne ar shaincheisteanna ceartais trí fhéachaint ar na bunchúiseanna (atá agus a bhí leo) chun naisc a dhéanamh idir gaol stádais, córais agus struchtúir. Le cur chuige na dlúthpháirtíochta, glactar meon atá dírithe ar athrú córais agus tugtar an chumhacht do phobail a réitigh féin a chur i bhfeidhm le tacaíocht ón bpobal domhanda. Agus na réitigh sin ina mbonn eolais againn, fágann an cur chuige criticiúil sin i leith OSD go mbíonn an deis ag foghlaimoirí a bheith ina saoránaigh eolasacha ar mian leo gníomh fiúntach a dhéanamh in éineacht lena bpobal domhanda.

Tosaíonn gníomh fiúntach leis an dlúthpháirtíocht!



CÓD IOMPAIR
MAIDIR LE
HÍOMHÁNA AGUS
TEACHTAIREACHTAÍ

An Cód Iompair atá ag Dóchas maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí

Is féidir le hÍomhánna agus teachttaireachtaí scéal nach bhfuil fíor a insint. Is féidir tuiscintí éagsúla a bhaint astu agus uaireanta is féidir leo steiréitíopaí a threisiú agus a chur i luí orainn nach féidir le daoine cuidiú leo féin agus nach bhfuil cumhacht ar bith acu.

Ba cheart íomhánna agus teachttaireachtaí a roghnú go cúramach ionas nach dtreiseofar scéalta agus míthuiscintí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh ar an gcaoi sin. Spreagtar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus oideoirí chun treoirínite an chóid atá ag Dóchas a leanúint, ionas nach mbeidh tuiscintí simplithe i réim ar shaincheisteanna ceartais dhomhanda, tuiscintí a dhéanfadh níos mó dochair ná maith.

SEISIÚIN OILIÚNA AGUS IMEACHTAÍ DO MHÚINTEOIRÍ

Siompóisiam do Lucht Bainistíochta Scoile

Freastalaíonn príomhoidí scoile agus leas-phríomhoidí ar an Siompóisiam a reáchtáladh chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gclár WWGS. Ag an imeacht sin, bíonn an deis ag lucht bainistíochta teagmháil a dhéanamh le scoileanna eile atá páirteach sa chlár agus cloisteáil faoi na torthaí fiúntacha a baineadh amach de bharr clár OSD a bheith á chur i bhfeidhm i scoileanna ar fud na tíre. Ina theannta sin, is deis é don lucht bainistíochta chun foghlaim faoin mbealach is fearr le tacú le baill foirne agus le scoláirí maidir lena gcuid pleananna gníomhaíochta OSD a chur i bhfeidhm.



Oiliúint Réigiúnach do Mhúinteoirí

An oiliúint réigiúnach a chuireann WWGS ar mhúinteoirí, tá sí bunaithe ar mhodhanna agus teoiric OSD. Ag na seisiúin sin, tugtar an deis do mhúinteoirí a gcuid smaointe a roinnt le chéile agus smaointe úra a chothú maidir le pleanáil. Ní mór tabhairt faoin oiliúint i gcás scoileanna agus múinteoirí atá ag gabháil do chlár den chéad uair, agus moltar go mór í ina gcás siúd atá bainteach leis an gclár cheana.

Seisiún Náisiúnta Oiliúna do Mhúinteoirí

Freastalaíonn múinteoirí WWGS ó gach cearn den tír ar an imeacht seo. Cabhraíonn sé lena rannpháirtíocht i OSD a dhóimhniú agus is deis é chun smaointe, modheolaíochtaí agus uirlisí úsáideacha a chomhroinnt óna dtaitheí foghlama féin. Bíonn an deis ag múinteoirí freisin páirt a ghlacadh in oiliúint shaincheaptha agus nasc a dhéanamh le heagraíochtaí neamhrialtasacha ar féidir leo ceardianna agus acmhainní scoile agus cinn ar líne a thairiscint.



Comhdháil Bhliantúil Scoláirí WWGS

Is ceiliúradh í Comhdháil Bhliantúil Scoláirí WWGS ar an obair OSD a dhéantar na scoileanna, agus fágann sí an deis ag scoláirí agus múinteoirí a n-eispéiris ón scoilbhliain a roinnt lena chéile. Déantar scoileanna a fhaigheann Gradam Pas Dhomhanda WWGS a cheiliúradh le linn na comhdhála. Is imeacht foghlama í an chomhdháil agus bíonn sé i gceist léi tús a chur le comhráite, smaointe a spreagadh le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach, agus scoláirí agus múinteoirí a spreagadh chun coinneáil lena n-aistear OSD.



Tá Clár Sé Chéim WWGS leagtha amach chun cabhrú le do scoil féin dul i dtreo cur chuige sa scoil uile i leith OSD. Leis na céimeanna éagsúla, cuirtear comhairle ghinearálta agus comhairle phraiticiúil ort ar féidir leat dul ar ais chuici arís is arís agus í a chomhroinnt i measc do chomhghleacaithe. Más mian leat an cur chuige a bheith níos oiriúnaithe do do scoil féin, déan teagmháil le d'Oifigeach Oideachais.

CÉIM 1

COTHAIGH RANNPHÁIRTÍOCHT I MEASC NA SCOLÁIRÍ AGUS I MEASC PHOBAL NA SCOILE UILE

Cén áit ar cheart dom tosú?

- ✓ Cuir eolas ar an sainmhíniú ar OSD agus ar Phrionsabail Threoracha OSD
- ✓ Freastail ar na seisiúin oiliúna a bhíonn againn (san fhíorshaol nó ar líne)
- ✓ Féach ar liosta na dtéamaí OSD agus na hacmhainní ábhair atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Scoileanna Domhanda WorldWise
- ✓ Aimsigh deiseanna chun saincheisteanna ceartais dhomhanda a scrúdú i do réimse nó réimsí ábhair
- ✓ Nuair a bheidh sé sin déanta agat, téigh ag obair le do ghrúpa nó do ghrúpaí scoláirí agus do líonra tacaíochta



Treoracha ó WWGS maidir le hAcmhainní OSD

TABHAIR RÓL DO NA SCOLÁIRÍ

An chéad bhabhta oibre le WWGS

Aimsigh do phointe tosaigh – an bhfuil tú ag tabhairt faoi mar chuid d’ábhar a mhúineann tú féin, mar mhodúl OSD nó mar chúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí? Cad iad na téamaí OSD atá ábhartha?

Pléigh liosta na dtéamaí OSD leis na scoláirí agus spreag iad chun féachaint cén topaic nó cé na topaicí ar mhaith leo iad a iniúchadh

Má roghnaíonn na scoláirí topaic amháin le díriú air, déanaigí iarracht machnamh a dhéanamh ar na téamaí OSD eile a bhfuil baint acu leis an topaic sin

Úsáid modheolaíochtaí rannphárteacha gníomhacha agus téamaí OSD á n-iniúchadh. Cothaigh na scileanna atá ag na scoláirí trí idirphlé, díospóireacht, machnamh agus anailís

Scoileanna a bhí ag obair le WWGS cheana

Bunaigh coiste OSD na scoláirí. Lig do na scoláirí seilbh a ghlacadh ar an gcoiste agus a bhfeachtais féin a reáchtáil le haghaidh gníomhaíochta agus ardú feasachta

Spreag na foghlaimoírí, na grúpaí ranga agus na bliainghrúpaí chun foghlaim óna chéile.

Tabhair an deis do na scoláirí agus don choiste OSD foireann na scoile, an bord bainistíochta, Cumann na dTuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoina gcuid oibre OSD.



Bíodh ról ag baill foirne na scoile:

- ✓ Déan iniúchadh scoile chun a fháil amach cad iad na téamaí OSD a bhfuil na múinteoirí ag obair orthu cheana (d’fhéadfadh ríomhphost, suirbhé, clár fógraí nó cruinnithe foirne a bheith i gceist leis sin)
- ✓ Spreag na baill foirne chun freastal ar imeachtaí agus comhdhálacha oiliúna múinteoirí WWGS
- ✓ Iarr ar an Oifigeach Oideachais atá sannta don réigiún oiliúint OSD a chur ar bun i gcomhair bhaill foirne na scoile nó na múinteoirí a bhíonn ag gabháil d’ábhar áirithe nó do na baill foirne go léir
- ✓ Bunaigh naisc thraschuraclaim, laistigh de ranna ábhar agus le hábhair éagsúla
- ✓ Bunaigh coiste OSD i measc na mball foirne
- ✓ Cothaigh cultúr foghlama comhroinnte – is cleachtais éifeachtacha ó thaobh forbairt ghairmiúil iad an comhoibriú agus an fhoghlaim piaraí

Féach ar an bhféilire imeachtaí atá againn agus cláraigh trínár suíomh gréasáin!

Bíodh ról ag lucht bainistíochta na scoile:

Smaoinigh ar chruinniú a eagrú leis na bainisteoirí scoile chun níos mó tacaíochta a fháil don chlár OSD. Seo roinnt moltaí:

- ✓ Leag amach am chun OSD a phleanáil nó iarr cúnamh ar an Oifigeach Oideachais atá sannta do réigiún do scoile féin
- ✓ Spreag na bainisteoirí chun acmhainní OSD a dháileadh agus a úsáid
- ✓ Tabhair cuireadh dóibh freastal ar Shiompóisiam Bliantúil WWGS do Lucht Bainistíochta
- ✓ Smaoinigh ar an gcomhordaitheoir OSD sa scoil a ainmniú mar shealbhóir poist AP1 nó AP2
- ✓ Spreag na bainisteoirí chun cúrsa OSD a bhunú do lucht na sraithe sóisearaí nó modúl OSD a chur ar bun don idirbhliain
- ✓ Déan tionscnaimh OSD agus imeachtaí múscaillte feasachta a fhógairt trí ghléas idirchumarsáide na scoile, trí chomhfhreagras leis an bhfoireann, trí na meáin shóisialta, trí chruinnithe an bhoird bainistíochta, etc.

CÉIM 2

CHOOSE A GLOBAL JUSTICE THEME

Cén áit ar cheart dom tosú?

Tá an-chuid téamaí OSD ann a d'fhéadfaí a iniúchadh. Is féidir leat díriú ar cheann amháin, nó roinnt réimsí téamacha a iniúchadh i rith na bliana. Más féidir é, ba mhaith an rud é dá mba iad na scoláirí féin a roghnódh na téamaí ar mhaith leo anailís chriticiúil a dhéanamh orthu. Seo thíos liosta moltaí, ach is iomaí téama eile a d'fhéadfaí a iniúchadh freisin.



Conas a thabharfaimid tacaíocht do na scoláirí agus téama á roghnú acu?

Tá bealaí éagsúla ann chun tús a chur leis an bplé faoi théamaí OSD agus spéis na scoláirí a mhealladh. Féach chuige le do thoil go mbeidh na foghlaimeoirí ar an eolas go gcaithfidh siad cur chuige atá bunaithe ar Chearta an Duine agus Ceartas a ghlacadh maidir leis an téama OSD atá roghnaithe acu. Na téamaí a bhaineann leis an gCearta Domhanda, is dlúthchuid díobh iad na cearta daonna, agus dá bhrí sin ní mór do na scoláirí féachaint ar an tionchar a bhíonn ag a gcuid gníomhaíochtaí féin ar dhaoine eile agus téama á roghnú acu.

Ná déan dearmad: San iniúchadh ar théamaí OSD, ba cheart saincheisteanna áitiúla a nascadh le saincheisteanna domhanda, seachas féachaint ar shaincheisteanna áitiúla astu féin.

Moltaí maidir le cur chuige:

1. Úsáid meabhairmhapa in éineacht leis na scoláirí chun féachaint cé na téamaí OSD éagsúla is féidir a scrúdú i d'ábhar féin
2. Taispeáin íomhá na dtéamaí OSD éagsúla do na scoláirí féachaint an bhfuil saincheisteanna ceartais dhomhanda ina measc nach bhfuil cur amach acu orthu
3. Spreag na scoláirí chun taighde a dhéanamh ar théamaí ar bith nach bhfuil eolas maith acu orthu (mar obair bhaile), rud a fhágfaidh breis ama acu chun smaoineamh ar a rogha téama
4. Eagraigh seisiún plé ranga chun socrú cén téama a ndíreoidh na scoláirí air, agus seicliosta OSD á úsáid mar threoir

CÉIM 2

Checklist for Global Citizenship Education - The Do's and Don'ts of Quality GCE

Bain úsáid as an seicliosta sin mar uirlis phleanála agus bain úsáid as freisin le linn an tionscadail lena chinntiú go bhfuil tú ar an mbóthar ceart maidir le clár oibre ardchaighdeáin OSD a mhúineadh. Tá sé riachtanach breathnú siar ar an seicliosta agus an téama á roghnú agat.



Rudaí le Déanamh	Rudaí le Seachaint
Tuiscint go bhfuil saincheistanna ceartais dhomhanda fréamhaithe i gCearta an Duine	Gan a bheith dírithe ach ar an tionchar ar ainmhithe, feithidí nó plandaí amháin
Féachaint ar na saincheistanna ceartais dhomhanda mar rudaí ilghnéitheacha, atá idirnasctha agus casta	Féachaint ar shaincheist amháin ina haonar, díriú ar ghné amháin den tsaincheist sin nó gan aird ar bith a thabhairt ar an nasc atá idir an tsaincheist sin agus ábhair imní eile maidir le ceartas domhanda.
Iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar na bunchúiseanna atá le saincheistanna ceartais dhomhanda	Iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar na bunchúiseanna atá le saincheistanna ceartais dhomhanda
Féachaint cén bhaint atá ag saincheistanna ceartais dhomhanda lenár saol féin ó lá go lá (conas a d'fhéadfadh na rudaí a dhéanaimid féin nó na daoine a dhéanann ionadaíocht orainn, nó na rudaí nach ndéantar, dul i bhfeidhm ar dhaoine eile)	Díriú ar shaincheist áitiúil agus impleachtaí áitiúla ár ngníomhartha gan aon nasc a dhéanamh le himpleachtaí domhanda
Scileanna a chothú ó thaobh smaointeoireacht neamhspleách chriticiúil trí bhreathnú ar mheonta éagsúla agus foinsí éagsúla faisnéise faoin tsaincheist	Gan ach taobh amháin den scéal a insint do na scoláirí nó díriú ar shruth smaointeoireachta nó meon ceannasach amháin
Dúshlán a thabhairt do steiréitíopaí, boinn tuisceana dhiúltacha agus meonta claonta – Fiafraigh cén fáth a bhfuil na steiréitíopaí agus na meonta claonta sin ann agus cé na rudaí a tharla san am atá caite, sa chumarsáid eadrainn agus inár dtimpeallachtaí féin a chothaíonn iad	Úsáid a bhaint as íomhánna agus teachtaireachtaí díobhálacha a chothaíonn steiréitíopaí agus meonta diúltacha, go háirithe i leith an Domhain Theas nó grúpaí imeallaithe
Beartú scrúdú a dhéanamh ar shaincheist agus gníomh a dhéanamh chun bunchúis na saincheiste sin a thuiscint, fiú má tá an cur chuige sin níos casta nó níos deacra	Díriú ar an ghné a thabharfaidh faoiseamh nó ardú meanman dúinn féin. Is é an príomhspríoc a chaithfidh a bheith lenár dtaighde agus le gníomh eolasach ná tionchar dearfach a imirt san fhadtréimhse An gníomh a dhéanfaidh na scoláirí, ní mór gurb é atá i gceist leis ról gníomhach a ghlacadh chun fadhbanna a réiteach seachas díreach a bheith ag gníomhú mar a bheadh 'slánaitheoirí' ann
Cumhacht agus neamhionannas a aithint sa tsaincheist a roghnaíodh	Gan díriú ach orthu siúd a ngoileann an tsaincheist orthu. Tá sé ríthábhachtach grinnscrúdú a dhéanamh ar na gníomhaithe a n-oireann na cúinsí mar atá dóibh nó atá ag cloí leis an staid mar atá faoi láthair (an status quo)
Blúthpháirtíocht a spreagadh (seasamh leis na pobail a dtéann na saincheistanna i bhfeidhm orthu nó iad siúd atá i mbun gnímh ar mhaithe le hathrú, agus déanamh cinnte de go mbeidh éisteacht acu)	Trua a bheith agaibh do dhaoine agus/nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí carthanachta
Daoine a lorg atá in ann labhairt amach faoin tsaincheist óna dtaithe féin	Glacadh leis go dtuigeann sibh conas a mhothaíonn duine nó grúpa

CÉIM 3

DÉAN INIÚCHADH CRITICIÚIL AR AN TÉAMA CEARTAIS DHOMHANDA

Tríd an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD), is féidir leis na scoláirí anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna casta a bhaineann leis an gceartas domhanda.

The 5 components of GCE

Tá cúig chomhpháirt lárnacha ag baint leis an Oideachas Saoránachta Domhanda: Eolas, Scileanna, Luachanna agus Meonta, agus Gníomh. Ba chóir na chéad cheithre chomhpháirt a chothú i measc na scoláirí sula ndéanfaidh siad gníomh, agus ba cheart go mbeadh an gníomh a roghnófar bunaithe ar an bpróiseas sin. Is féidir tacú leis an bpróiseas sin trí úsáid leanúnach a bhaint as Treoirphrionsabail OSD (lch 6).

Glacann múinteoirí ról éascaitheora agus úsáideann siad modheolaíochtaí rannpháirteacha gníomhacha chun tacaíocht a thabhairt do na scoláirí agus iad ag foghlaim. Ar an gcaoi sin, cuirtear ar a gcumas do na scoláirí ról gníomhach a bheith acu san foghlaim, agus bíonn na múinteoirí ag foghlaim taobh leo (seachas a bheith ina saineolaí ar aon cheann de na saincheisteanna).

Cur Chuige Criticiúil, Anailíseach


Mar a luaitear sna prionsabail threoracha atá againn, is éard atá i gceist le cur chuige criticiúil, anailíseach a ghlacadh i leith saincheisteanna domhanda ná próiseas chun scrúdú a dhéanamh ar an ról atá againne maidir le fadhbanna an domhain. Ní mór dúinn gan a dhéanamh amach go bhfuil réiteach simplí amháin ar aon saincheist ar leith, ach ina ionad sin cáithfidimid féachaint ar na saincheisteanna domhanda sin mar chinn atá casta, ilghnéitheach, ilsraitheach agus a mbíonn meonta éagsúla ag daoine ina leith.

Ach saoránaigh a bheith eolasach, fiosrach agus in ann cur chuige criticiúil a ghlacadh, téann siad i mbun comhráite faoi shaincheisteanna ceartais dhomhanda a anailísiú agus a imscrúdú agus bíonn muinín acu astu féin agus an obair sin ar bun acu. Ba chóir do scoileanna am a leagan amach do na scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar a meonta féin agus ar thuairimí daoine eile, lena chur ar a gcumas teacht ar thuiscint ar chroí na ceiste ionas go mbeidh tuairimí dá gcuid féin acu.



LEIDEANNA

- ✓ Íoslódáil an bhileog chúil acmhainní téamacha de chuid WWGS ó leabharlann acmhainní ar líne WWGS. Tá moltaí ar gach bileog faoi fhoirne uirlisí oideachais, ailt, naisc ghréasáin, liostaí léitheoireachta, físeáin, podchraoltaí, etc. Gheobhaidh tú na bileoga sin ar shuíomh gréasáin WWGS!
- ✓ Cuardaigh deiseanna chun naisc thraschuraclaim a bhunú trí chomhoibriú le daoine atá ag gabháil d'ábhair eile agus téamaí OSD á n-iniúchadh agat
- ✓ Spreag plé, caint agus díospóireacht chun na scoláirí a mhealladh agus a chur ar a gcumas dóibh labhairt amach agus a gcuid smaointe a chur in iúl ar bhealach measúil.



CÉIM 3

Tochailt níos doimhne a dhéanamh – Rannpháirtíocht Chriticiúil le téama Ceartais Dhomhanda

Treoracha:

An Múinteoir: Tabhair pictiúr agus/nó téacs do na scoláirí (alt nuachtáin, feachtas sna meáin shóisialta, fógra nó TedTalk, mar shampla) a bhaineann le saincheist ceartais dhomhanda (imirce agus lorg tearmainn, an t-athrú aeráide nó trádáil éagórach, mar shampla).

Scoláirí: Agus sibh ina ngrúpaí beaga, freagraí na ceisteanna a mhéid is féidir libh.

1. Cuirigí bhur ndúshlán



Smaoinígí go criticiúil ar an gcás nó ar an tsaincheist trí na ceisteanna thíos a úsáid.

Tugaigí cuntas ar na cúiseanna is bonn leis an bhfreagra:

- Cad iad na teachtaireachtaí nó na smaointe atá cloiste agaibh cheana faoin tsaincheist seo? (sna meáin, ón scoil, ó chairde, ón teaghlach, bhur dtaitní féin, an méid a chuala sibh anseo is ansiúid)?
- Cé na smaointe a bhfuil an chuma orthu gur 'cinn phríomhshrutha' iad? (atá i measc an phobail agus a nglactar leo mar ghnáthsmaointe faoi láthair)
- Cé na smaointe a bhfuil an chuma orthu nach 'cinn phríomhshrutha' iad nó nach bhfuil ag luí leis na smaointe a mbeadh súil agaibh leo?
- Conas a dhéanann na meáin, an pobal, ceannairí etc. ró-shimpliú ar an gcás nó ar an tsaincheist seo?

Féachaigí ar an bpictiúr nó an téacs a tugadh daoibh:

- Cé hiad na príomhghníomhaithe (grúpaí, daoine nó eagraíochtaí) a bhfuil baint acu leis an tsaincheist seo? (Seans go bhfuil siad le feiceáil go soiléir anseo nó d'fhéadfadh sé gur baint indíreach atá acu leis an tsaincheist)
- Cé atá ag insint an scéil seo? Cén guth nó meon a chloiseann sibh?
- An bhfuil sibh in ann a aithint cé a bhfuil a dtuairimí féin le cloisteáil sa scéal ('muid'), agus cé fúthu a bhfuil an scéal ('iad')?
- Conas a léirítear na daoine sa chás seo? An mbreathnaítear orthu ón taobh amuigh (e.g. mar dhaoine atá 'tearfhorbartha', mar íospartaigh, mar dhaoine éighníomhacha) nó an bhfuil a nguth féin le cloisteáil (e.g. scéalta faoi theacht aniar, neart, cúram, dóchas)?
- An mar shlánaitheoirí a léirítear cúntóirí ón taobh amuigh? (iad ansin chun 'an rud a chur ina cheart' nó chun fadhbanna atá ag daoine eile a réiteach) Conas?
- An bhfuil daoine ón taobh amuigh ag baint tairbhe as cúrsaí mar atá siad nó ag cabhrú le cúrsaí a choinneáil mar atá? Conas?



2. Cumhacht

- Cé aige a bhfuil an chumhacht sa chás seo? Cé hiad na príomhpháirtithe cumhachtacha atá i gceist na saincheiste nó an cháis seo?
- An bhfuil cothromaíocht chumhachta ann idir na gníomhaithe (grúpaí/daoine) atá i gceist?
- Cé na daoine nó cén grúpa atá ag buachan agus cé atá ag cailleadh? Agus cé mhéad den bhuanachan nó den chailleadh atá i gceist? Beag nó mór?
- Cad iad na foinsí eagraíochta nó ceannaireachta a fheiceann tú? Cé chomh héifeachtach atá siad?

3. Meonta

- Cad iad na meonta atá ag gach duine de na gníomhaithe (daoine/grúpaí) atá i gceist?
- Cé na daoine a gcloisimid faoina gcuid meonta de ghnáth agus an tsaincheist seo á plé?
- Cé a chinneann cé na tuairimí a n-éistfear leo nó a leagfar tábhacht orthu?
- An bhfuil meonta eile ann nach gcloistear nó nach bhfeictear go minic iad ach a bheadh tábhachtach chun an tsaincheist seo a thuiscint? Má tá, cé acu atá siad?



4. Cúlra agus bunchúiseanna

- Cad iad na príomhthosca a chuaigh i bhfeidhm ar an gcás nó ar an tsaincheist seo?
- Cad iad na saincheisteanna áitiúla agus na saincheisteanna domhanda a bhfuil baint ag an tsaincheist cheartais áirithe seo leo?
- Cad iad na córais agus na struchtúir faoinar féidir le rudaí leanúint ar aghaidh mar atá (dlíthe, beartais, comhaontuithe áitiúla nó idirnáisiúnta?)
- Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh nó gan a dhéanamh, nó cad a d'fhéadfadh ár n-ionadaithe polaitiúla (in Éirinn nó san Aontas Eorpach) a dhéanamh nó gan a dhéanamh chun tionchar a imirt ar an tsaincheist seo?
- Cén bhaint atá ag an tsaincheist seo lenár saol féin ó lá go lá in Éirinn?



YOUR GLOBAL JUSTICE THEME IS:

5. Cothromas / Cothroime

- Cén neamhionannas nó éagothroime atá le feiceáil agaibh sa tsaincheist nó sa chás seo?
- Cén fáth a bhfuil éagóir ann? Cé na guthanna is glóraí atá le cloisteáil?
- Cé na daoine nó cé na grúpaí ar mhaith libh níos mó a chloisteáil uathu?
- Cad is féidir a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh éisteacht níos fearr agus cumhacht níos mó acu siúd atá imeallaithe sa tsochaí?



6- An tAm atá le Teacht

- An dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí maidir leis an tsaincheist áirithe seo san am atá le teacht?
- Dá dtiocfadh, cén chuma a bheadh ar na blianta romhainn do na daoine atá i gceist?
- Cén chuma a bheadh ar an saol i gceann bliana, 5 bliana, 20 bliain, 100 bliain?
- Cad a chaithfeadh tarlú chun saol maith a bheith ag na daoine atá buailte ag an tsaincheist seo sna blianta atá romhainn?



7. Freagraí

- Cad iad na freagairtí agus/nó na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann chun an fhadhb (an tsaincheist) seo a réiteach nó a laghdú?
- Cé a bhaineann tairbhe as gach freagra?
- Cé chomh mór agus a thugann na réitigh aghaidh ar na tosca casta a bhfuil baint acu leis an tsaincheist?
- Cén réiteach nó cé na réitigh a bhfuil an seans is mó ann go mbainfí amach athrú chun feabhais dá mbar?
- Cad iad na roghanna atá againn mar Shaoránaigh Éireannacha/Eorpacha/Dhomhanda chun athrú a bhaint amach maidir leis an tsaincheist seo?
- Cé chomh hinbhuanaithe atá an réiteach/na réitigh atá beartaithe?



CÉIM 4

SPREAG FEASACHT

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach feasacht a spreagadh?

Tá sé riachtanach feasacht a spreagadh sna scoileanna faoi shaincheisteanna ceartais dhomhanda, agus sa phobal áitiúil agus domhanda freisin, lena chur ar a chumas don scoláire a bheith réamhghníomhach, rannpháirteach agus freagrach ó thaobh na gné sóisialta – a bheith ina shaoránach domhanda. Trí dhlúthpháirtíocht agus bá a chothú spreagtar scoláirí chun feasacht a mhúscailt faoi shaincheisteanna a bhfuil siad díoghbháilte fúthu, agus chun gníomh eolasach a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna sin lena gcothaítear meon an neamhspleáchais agus na freagrachta. Ach a gcuid foghlama a chomhroinnt agus a chur in iúl, cuirtear dlús leis an bpróiseas agus cothaítear scileanna riachtanacha OSD ionas go mbeidh na scoláirí sin ina ngníomhaithe éifeachtacha ar son athraithe.



Samplaí den chaoi ar féidir le scoláirí feasacht a spreagadh

PIARFHOGLAIM

Córas foghlama cómhálartach is ea an phiarfhoghlaim ar féidir leis cur go mór le do chlár foghlama OSD. Má dhéantar gníomhaíochtaí a phleanáil agus má bhítear ag obair i gcomhar le piaraí, bíonn an deis ag foghlaimoirí páirt a ghlacadh i ndíospóireacht, plé agus machnamh níos saibhre ar shaincheisteanna OSD. Is féidir leas a bhaint as an bpiarfhoghlaim freisin chun scóip na foghlama a leathnú.

RANNPHÁIRTÍOCHT CHRUTHAITHEACH

Smaoinigh ar mhodhanna cruthaitheacha a úsáid in ionad cleachtais chaighdeánacha sheanbhunaithe. Féadfar leas a bhaint as ealaín, físeáin, ceol, drámaíocht agus bealaí cruthaitheacha eile chun gach cineál foghlaimora a mhealladh agus modh smaointeoireachta níos doimhne a chothú. Go bunúsach, tugann an chruthaitheacht deis luachmhar d'fhoghlaimoirí dul i ngleic le fadhbanna ar bhealach nuálach ceannródaíoch.

TAISPEÁNTAIS FAOI THÉAMAÍ A BHAINNEANN LEIS AN GCEARTAS DOMHANDA

Is uirlisí éifeachtacha iad taispeántais trínar féidir comhráite a chur ar bun, smaointe a spreagadh agus gníomhaíocht a mhúscailt. Tá sé ríthábhachtach na taispeántais sin a bheith le feiceáil go héasca agus díriú go héifeachtach iontu ar fhírinne na saincheiste ceartais dhomhanda atá faoi chaibidil. D'fhéadfadh níos mó a bheith i gceist ná taispeántas sa seomra ranga nó sa phasáiste – smaoinigh ar an teachtaireacht a chur in iúl in áiteanna a mbíonn a lán daoine bailithe le chéile, ar bhealach ó áit go háit, ar thaispeántais dhigiteacha agus ar líne. Cuir dúshlán na scoláirí machnamh criticiúil a spreagadh trína dtaispeántas ceartais dhomhanda.


CUMARSÁID SNA MEÁIN

Fágann réimse leathan na cumarsáide sna meáin agus an tóir a bhíonn uirthi gur gá do scoileanna gach cineál meán atá ar fáil a úsáid chun a dteachtairacht a scaipeadh. Má bhaintear úsáid as cineálacha éagsúla meán, ar nós suímh ghréasáin, blaganna, nuachtlitreacha, an raidió, nuachtáin, na meáin shóisialta, etc., beidh na scoláirí in ann a dteachtairacht a fhógairt lasmuigh de gheataí na scoile.

TIONÓIL

Tabhair cead cáinte do na scoláirí trí ligean dóibh páirt ghníomhach a bheith acu sa tionól scoile mar ardán chun na scoláirí agus na baill foirne a thabhairt le chéile, a chumhachtú agus a shlógadh chun páirt a ghlacadh le chéile i saincheisteanna ceartais dhomhanda. Má bhaintear leas as an tionól chun feasacht a mhúscailt is féidir braistint phobail agus meon na dlúthpháirtíochta a spreagadh sa scoil agus níos faide i gcéin. Is féidir gléas idirchumarsáide na scoile a úsáid mura féidir tionól a chur ar bun i do scoil féin.

Féach chuige le do thoil go mbeidh gach tionscnamh a chuirfear ar bun chun feasacht a spreagadh ag cloí leis an gCód Iompair atá ag Dóchas maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí. Tá sé sin le feiceáil ar www.dochas.ie



CÉIM 5

DÉAN GNÍOMH

Cén tábhacht a bhaineann le gníomh a dhéanamh?

Le linn an aistir OSD, spreagtar foghlaimeoirí chun cur chuige atá praiticiúil, freagrach, cuntasach agus eolasach a ghlacadh chun anailís a dhéanamh ar shaincheistanna ceartais dhomhanda. Baineann an cur chuige céanna le gníomhú, nach rud é a dhéantar sa ghearrthearma amháin, ach a thagann chun cinn mar ghné dhílis den chaoi a n-iompraíonn foghlaimeoirí iad féin agus a eascraíonn as na cinní agus na roghanna a dhéanann siad gach lá.

Is deis é an gníomhú chun athrú a dhéanamh ar chórais, ar struchtúir agus ar an tsochaí chun teacht ar réiteach ar éagóir, éagothroime agus dinimic chumhachta nach bhfuil cóir. I gcéim ghníomhaíochta an phróisis OSD bíonn na foghlaimeoirí in ann réitigh a lorg agus athrú fiúntach a chur ar bun agus páirt a ghlacadh ann.

Ionas go mbeidh athrú fiúntach, ní mór cuspóir a bheith leis agus ní mór tionchar a bheith aige. Is éard atá i gceist le gníomhaíocht a bhfuil cuspóir léi ná clár oibre atá bunaithe ar fhoghlaim OSD na scoláirí a chur le chéile agus tabhairt faoi go diongbháilte dúthachtach. Má bhíonn tionchar ag gníomhaíocht a dhéantar faoi scáth OSD, fágann sé sin go mbíonn impleachtaí dearfacha ag a scóip agus a tionchar don phobal domhanda. Níl sé ina chuspóir againn gníomh a dhéanamh a thabharfaidh faoiseamh nó ardú meanman dúinn féin, ach is é an phríomhspríoc atá againn tionchar dearfach a imirt a mhairfidh ar feadh i bhfad. Ní féidir athrú chun feabhais a bhaint amach gan gníomh fiúntach a dhéanamh.

Samplaí den chaoi ar féidir le scoláirí athrú a bhaint amach

Cé a dtéann an tsaincheist seo i bhfeidhm orthu? An saincheist dhomhanda í seo? Cad iad impleachtaí daonna na saincheiste seo? An mbeidh tionchar dearfach ag an ngníomh seo ar an bpobal domhanda? Cé aige a bhfuil an chumhacht chun cúrsaí a athrú?



CÉN ÁIT AR FÉIDIR ATHRÚ A DHÉANAMH?

Áit ar bith! Is féidir le hathrú tarlú áit ar bith: inár dteaghlach féin, i measc phobal na scoile, sa phobal áitiúil agus sa phobal domhanda. Is féidir le hathrú a tharlaíonn ar an leibhéal áitiúil tionchar domhanda a bheith aige.

Agus athrú á chur i bhfeidhm, déan machnamh ar na cineálacha athraithe a bhfuilimid ag díriú orthu – An é gur athrú iompair atá uainn? Athrú córais? Athrú beartais? Gach ceann acu siúd thuas?

CÉN FÁTH A BHFUIL SÉ RÍTHÁBHACHTACH DO GHNÍOMH A PHLEANÁIL?

Ach plean a dhéanamh, is féidir cur chuige spriocdhírthe, struchtúrtha a bheith agaibh maidir leis an athrú fiúntach atá beartaithe agaibh. Tá sé tábhachtach an plean a fhorbairt go criticiúil agus go cruthaitheach sa chaoi is go mbeidh a fhios agaibh conas a éireoidh leis an ngníomh agus cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige. Má dhéantar an gníomh nó na gníomhartha a phleanáil go críochnúil, is féidir an cuspóir a bhaint amach!

Beidh an Fhoireann Uirlisí i gcomhair Plean Gníomhaíochta (ar an gcéad leathanach eile) ina threoir agaibh agus sibh ag tabhairt faoin bpróiseas sin.

CÉIM 5

An Fhoireann Uirlisí i gcomhair Plean Gníomhaíochta

Is minic a smaoinimid ar ghníomh a bhaineann le saincheist, ach b'fhéidir nach ndéanaimid iniúchadh níos doimhne ar an ábhar féachaint an bhfuil ár ngníomh ag dul i ngleic i ndáiríre le bunchúis na faidhbe.

An tsaincheist nó an téama ar a bhfuil sibh dírithe:

Beidh na ceisteanna seo a leanas ina dtreoir agus cinneadh á dhéanamh agaibh faoin ngníomh is fearr chun athrú fiúntach a bhaint amach i ndáil leis an tsaincheist cheartais seo:



- ✓ Cad atá déanta againn chun foghlaim faoin tsaincheist seo?
- ✓ Cén áit ar bhailíomar faisnéis? An ó fhoirse iontaofa a fuairamar an fhaisnéis sin?
- ✓ Cé a dtéann an tsaincheist seo i bhfeidhm orthu? Cé leis a bhfuilimid ag caint faoin gceist seo? An saincheist cheartais dhomhanda í seo?
- ✓ Ar bhaineamar leas as an gcleachtadh faoi thochailt níos doimhne a dhéanamh ('Digging Deeper')?

Is tábhachtach an rud é, agus muid ag déanamh iniúchadh ar shaincheisteanna ceartais dhomhanda le haghaidh gníomhaíochta, go mbeidh díospóireacht, plé agus machnamh ina gcuid den phróiseas sin

- ✓ I bhfianaise an mhéid atá foghlamtha againn, cén t-athrú is mian linn a bhaint amach?
- ✓ Cé aige a bhfuil an chumhacht chun an t-athrú sin a bhaint amach agus ar féidir linn tionchar a imirt air?
- ✓ Cad iad na gníomhartha a chaithfimid a dhéanamh chun dul i dtreo an athraithe atá uainn?
- ✓ Cén chuma a bheadh ar ghníomh a n-éireodh go geal leis?

Samhlaigh go n-éireoidh libh – is féidir leis sin cabhrú libh amlíne nó liosta gníomhartha a chur le chéile



Comhaontú i measc Ghrúpa

Smaoinígí ar na ceisteanna seo:

Cad a theastaíonn uaim chun tabhairt faoin ngníomh seo?

Cad a theastaíonn uaim ionas go mbeidh mé ar mo chompord agus páirt á glacadh agam i gcruinnithe agus babhtáí machnaimh an ghrúpa?

Cén ról is fearr a oireann domsa sa phróiseas seo?


Conas is gá dom mé féin a iompar ionas go n-éireoidh go maith leis an

Áit a mbíonn gníomhaithe ag obair le chéile, is minic a bhaintear úsáid as comhaontuithe grúpa nó conarthaí le haghaidh comhoibríthe agus bíonn a leithéid riachtanach lena theacht ar chomhaontú maidir le gníomh, cumarsáid agus comhthoil. Agus sibh ag obair mar ghrúpa, faighigí roinnt giotaí páipéir nó bileoga Post-It, nó bainigí úsáid as uirlis ar líne ar nós Jamboard. Scríobhaigí amach gach ceann de na ceisteanna ar bhileog mhór, ar chlár nó ar dhoiciméad ar líne.

Tugaigí cúpla nóiméad do gach duine chun smaoineamh ar gach ceist agus í a fhreagairt, agus ansin bailígí le chéile na smaointe. Glacadh gach duine seal chun ceist a léamh os ard agus léigí amach cuid de na freagraí coitianta ar na ceisteanna freisin, nó na freagraí atá cosúil le chéile. Cuidíonn sé sin le comhthoil a bhaint amach.

Bailígí le chéile na príomhphointí, ansin fiafraigí den ghrúpa an bhfuil aon phointí riachtanacha in easnamh. Nuair a bheidh chuile rud bailithe le chéile, aontaígí ó bhéal conas a rachaidh sibh chun cinn leis an ngníomh, nó síníodh gach duine agaibh comhaontú maidir le comhthoil an ghrúpa.¹

¹ Arna oiriúnú ó 'Building a community agreement through three questions' le Amel Yacef (Acmhainn: Engagement and Activism of Young People – How to support & develop collective actions, IC4LOP, 2018.) <https://action4inclusion.eu/media/ic4lop-manual-en.pdf>



Cad iad cuid de na príomhtheachtaireachtaí atá agaibh?

1.
2.
3.
4.

Machnamh ar an nGníomh

Le linn an Ghnímh: Teacht le Chéile go Rialta agus an Dul Chun Cinn a Sheiceáil

Pleanálaigí teacht le chéile agus machnamh a dhéanamh le linn an phróisis seo. Déanaigí athbhreithniú rialta ar an bplean agus socraígí ag chuile chruinniú cén uair a bheidh an chéad chruinniú eile agaibh. Smaoinígí ar na ceisteanna seo agus sibh ag teacht le chéile agus ag déanamh machnaimh:

- ✓ Cén dul chun cinn atá déanta againn lenár bpleananna? Cad atá bainte amach againn ó bhuaileamar le chéile cheana?
- ✓ Cad nár éirigh linn a bhaint amach? Cad a chuir bac orainn agus cén fáth? An féidir linn rud éigin a dhéanamh faoi sin?

Glacaigí roinnt ama chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mothaíonn sibh faoin tionscadal agus an sprioc ar a bhfuil sé dírithe

Tar éis an Ghnímh: Ceiliúradh agus Machnamh

Ní thagann deireadh leis an tionscnamh leis an ngníomh féin – tá sé tábhachtach é a cheiliúradh agus machnamh a dhéanamh ar an ngníomh ina iomláine. Smaoinígí ar na ceisteanna seo a leanas:

- ✓ Cad iad na hathruithe a thugamar faoi deara mar thoradh ar ár ngníomh? Cad iad na héachtaí atá á gceiliúradh againn? Cad a bhfuilimid bródúil as?
- ✓ Cad iad na céimeanna nó na gníomhartha breise ba mhaith linn a dhéanamh amach anseo?
- ✓ Conas is féidir linn leanúint ar aghaidh ag obair ar na saincheisteanna a bhfuilimid tugtha go mór dóibh?

CÉIM 5

Feasacht v Gníomh

Seo thíos roinnt smaointe le cur san áireamh agusfeasacht á spreagadh agaibh agus gníomh á dhéanamh agaibh. Is féidir le gníomh eascairt as an spreagadhfeasachta nuair a iarrtar ar an lucht féachana páirt a ghlacadh i ngníomh áirithe agus nuair a bhítear i dteagmháil leis na rannpháirtithe chun súil a choinneáil ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leo.



Feasacht a Spreagadh

- ✓ Ullmhaigí fístaispeántais – póstaer, ealaín sráide, múrmhaisiú, etc. thart timpeall na scoile agus amuigh faoin spéir sa cheantar
- ✓ Cuirigí cainteanna agus ceardlanna ar bun do ranganna eile sa scoil agus i scoileanna eile. Ullmhaigí sraith ceachtanna/ceardlann faoin tsaincheist do ranganna sa scoil.
- ✓ Ullmhaigí físeán, taifead gutha nó taispeántas grianghraf chun plé faoin tsaincheist a spreagadh, agus iarraigí ar dhaoine píosa díospóireachta a dhéanamh fúithi
- ✓ Eagraigí tionól sa scoil nó iarraigí ar an bpríomhoide an tsaincheist a lua sa tionól maidine
- ✓ Cuirigí amach fógraí ar ghléas idirchumarsáide na scoile agus iarraigí cead an plean a chur i láthair ag cruinniú múinteoirí nó os comhair an phríomhoide
- ✓ Bígí i dteagmháil le scoileanna eile faoi thionscadail chomhpháirteacha OSD. Is féidir leis na scoláirí a bheith ag obair as lámha a chéile lena fhiosrú cé na bunchúiseanna atá le saincheistanna ceartais dhomhanda agus chunfeasacht a spreagadh agus athrú a chur ar bun maidir le saincheistanna ceartais dhomhanda.
- ✓ Bainigí leas as grianghraif agus físeán chunfeasacht a spreagadh. Cuirigí taispeántais ar bun agus cuirigí scannáin ar taispeánt
- ✓ Bainigí leas as na meáin áitiúla – nuachtáin, raidió, teilifís, na meáin shóisialta, etc. Ullmhaigí súiomh gréasáin nó leathanach ar na meáin shóisialta chunfeasacht ar an gceist a mhúscailt
- ✓ Cuirigí díospóireachtaí agus imeachtaí óráidíochta ar bun chun aird a dhíriú ar an tsaincheist nó an téama atá roghnaithe agaibh
- ✓ Cuirigí imeachtaí ar bun sa scoil agus dírigí aird ar nasc idir an ceantar agus an téama nó nasc le himeachtaí eile atá luaite ar fhéilire WWGS (mar shampla: Lá Chearta an Duine chun aird a dhíriú ar na saincheistanna ceartais dhomhanda a ndéanann pobal iomlán na scoile iniúchadh orthu). Cuimhnigí ar chuireadh chun an imeachta a thabhairt do na meáin agus do pholaiteoirí, tuismitheoirí agus daoine eile den phobal
- ✓ Trí imeachtaí a chur ar bun, is féidir cultúr gníomhaíochta a chothú agus a cheiliúradh sa scoil. Déanaigí iarracht tagairt a dhéanamh do na rudaí is féidir le daoine a dhéanamh ionas gur féidir libh dul chun cinn ó spreagadhfeasachta go gníomh

Gníomh a Dhéanamh

- ✓ Tugaigí faoi fheachtasfeasachta chun an oiread tacaíochta agus is féidir a spreagadh
- ✓ Forbraigí plean gníomhaíochta ar an téama nó na téamaí atá roghnaithe agaibh agus cuirigí an plean i láthair na múinteoirí agus lucht bainistíochta na scoile
- ✓ Faighigí amach cé na heagraíochtaí a chabhróidh libh, agus glacaigí páirt ina bhfeachtais áitiúla, náisiúnta nó domhanda. An féidir libh a bheith ag obair taobh le taobh le daoine a dtéann an tsaincheist i bhfeidhm orthu? (san fhíorshaol nó ar líne)
- ✓ Cuirigí ar a gcumas do dhaoine eile achainíochta a shíniú agus a n-achainíochta féin a réiteach agus iad a scaipeadh ar líne
- ✓ Eagraigí gníomhaíocht bheo ar mós máirseálacha, bigilí, feachtais, agóidí, etc.
- ✓ Tosaigí ag dul i dteagmháil le daoine a bhfuil tionchar nó cumhacht acu de bharr a bpoist trí litir nó ríomhphost a scríobh chucu nó achainí nó suirbhé a sheoladh chucu. Smaoinigí ar athrú a éileamh ar pholaiteoirí áitiúla agus náisiúnta, comhlachtaí iltaobhacha (an tAontas Eorpach, na Náisiúin Aontaithe, etc.) agus cuideachtaí agus corparáidí.
- ✓ Dírigí aird ar an teagmháil nó an chumarsáid idir sibh féin agus na daoine nó na comhlachtaí sin. Ach an gníomh a chur in iúl i bhfad is i gcéin is féidir cabhrú le daoine eile a bheith páirteach ann agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt daoibh
- ✓ Agus sibh i dteagmháil le daoine, d'fhéadfadh sibh cuireadh a thabhairt dóibh teacht chun na scoile nó iarraidh orthu bualadh libh chun plé a dhéanamh faoin tsaincheist agus faoin athrú is mian libh a bhaint amach
- ✓ Scríobhaigí litreacha tacaíochta chuig na daoine a bhfuil sibh ag gníomhú i ndlúthpháirtíocht leo, ar nós príosúnaigh choinsiasa, nó chuig daoine ar domhan a bhfuil sárú á dhéanamh ar a gcearta daonna
- ✓ Faighigí amach cé na beartais nó na cleachtais atá i bhfeidhm (nó nach bhfuil) ag an scoil a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an tsaincheist a bhfuil sibh ag obair uirthi. Mar shampla, má tá sibh ag foghlaim faoin dífhoraioisíú, an féidir leis an scoil níos lú páipéir a úsáid agus foinsí inbhuanaithe páipéir a roghnú?
- ✓ Bealach cumhachtach chunfeasacht a spreagadh is ea an ceiliúradh agus páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhaineann le téamaí OSD. Má táimid ag iarraidh ar dhaoine gníomh éigin a dhéanamh freisin, táimid i mbun gníomhaíocht chomhpháirteach i ndlúthpháirtíocht le daoine ar fud an domhain

CÉIM 6

DÉAN MACHNAMH

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach dtagann deireadh leis an aistear OSD nuair a bhíonn an gníomh déanta, toisc go bhfuil an machnamh ina chuid lárnach den aistear sin. Leis an machnamh, bíonn an deis ag na scoláirí agus ag na múinteoirí breithniú comhsheasmhach, tuisceanach a dhéanamh ar a gclár OSD. Feabhsaíonn agus comhdhlúthaíonn an próiseas smaointeoireachta sin an próiseas foghlama, spreagann sé foghlaimeoirí chun seilbh a ghlacadh ar a gcuid foghlama agus is scil ríthábhachtach é ionas gur féidir le daoine a bheith ina smaointeoirí criticiúla.

Is féidir cleachtas machnamhach leanúnach na scoláirí agus na múinteoirí a neartú trí mhachnamh breise a dhéanamh ar an bpróiseas ina iomláine trí leas a bhaint as na ceisteanna samplacha thíos:



Scoláirí

1. Cad a d'fhoghlaim mé ón eispéireas seo?
2. Cad a d'athróinn faoin eispéireas?
3. An bhfuil aon ghné den tsaincheist nár thug mé aird uirthi?
4. Dá mbeadh níos mó ama agam, cad a dhéanfainn ar bhealach difriúil?
5. Cad iad na conclúidí ar tháinig mé orthu nach raibh súil ar bith agam leo?
6. Cad a mholfainn do scoláirí eile atá ag gabháil don phróiseas céanna?
7. Déan cur síos ar an luach atá ag na scileanna a forbraíodh san eispéireas seo?
8. Cad a thaitin go mór liom faoin eispéireas?

Foireann na Scoile

1. Cén cur chuige a cheapaim ar éirigh go maith leis sa tionscadal nó sa chlár OSD seo?
2. Cén cur chuige a cheapaim nár éirigh go maith leis sa tionscadal nó sa chlár OSD seo?
3. Cad a dhéanfainn ar bhealach difriúil?
4. Cén chomhairle a chuirfinn ar mhúinteoirí OSD eile?
5. Cad iad na gnéithe is luachmháire den chlár OSD?
6. Cad iad na huirlisí nó na hacmhainní nach raibh againn a bheadh úsáideach dúinne?
7. Cad a d'fhoghlaim mé ón eispéireas seo?
8. Cad a thaitin go mór liom faoin eispéireas?

Uirlis Féinmheasúnaithe WWGS

Tá uirlis mhachnaimh fhoirmiúil ag WWGS ar a dtugtar an Uirlis Féinmheasúnaithe, uirlis a dearadh chun tomhas a dhéanamh ar aon athrú nó tionchar a baineadh amach mar thoradh ar an gclár OSD.

Tá foirmeacha ar líne agus leaganacha páipéir ar fáil de na huirlisí féinmheasúnaithe, ach molann Scoileanna Domhanda WorldWise gur ar líne a líonfar isteach iad más féidir. Gheobhaidh tú treoracha maidir le conas dul chuig na foirmeacha ar líne i Limistéar na Scoileanna ar shuíomh gréasáin WWGS.

Féach ar an bhfíseán
ar an suíomh gréasáin:
**"How to Complete
SAT"**

CÉIM 6

Treoir maidir le Scafláil i gcomhair OSD

Is é atá i gceist le scafláil ná tógáil ar an bhfoghlaim agus thart timpeall uirthi, go háirithe le gníomhaíochtaí inár gclár OSD. Mar shampla, is féidir le turais scoile an-spreagadh a thabhairt do scoláirí agus blaiseadh a thabhairt dóibh de mhodhanna foghlama eile agus de bhealaí nua chun déileáil le faisnéis. Mar sin féin, ní gá gurb é an turas scoile féin an gníomh ná an ghné is tábhachtaí den chlár nó den tionscadal.

Tá sé tábhachtach an fhoghlaim agus an machnamh a chuimsiú roimh an ngníomhaíocht ionas gur féidir an fhoghlaim a leathnú agus a chomhdhlúthú ina diaidh. D'fhéadfadh sé go mbeadh gníomhartha tábhachtacha fós le déanamh nuair a bheidh gníomhaíocht thart. Tá roinnt samplaí praiticiúla de sin sa tábla thíos. Mar is gnáth, téigh i dteagmháil le d'Oifigeach Oideachais más mian leat plé a dhéanamh faoi conas tógáil ar do chuid smaointe féin.

Cineál Gníomhaíochta	Roimhe	Ina Dhiaidh
Turas Scoile (Cuairt)	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Cuir ceist faoi ábharthacht – an bhfuil ceangal idir an turas agus OSD agus an tsaincheist ar a bhfuil sibh ag díriú? ✓ Déan iniúchadh leis na scoláirí ar na téamaí OSD a bhfuil baint acu leis an turas scoile seo 	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Déan machnamh ar an turas scoile leis na scoláirí – cad a bhí in easnamh agus cad a chuirfeá san áireamh dá mbeifeá ag eagrú an turais? ✓ Cén nasc atá aige seo leis an méid atá foghlamtha agat cheana?
Ceardlann Scoile (Turas Idirghníomhach/Rannpháirteach)	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Déan tionscadal taighde ar théama na ceardlainne nó an turais (is féidir leis na scoláirí dul ag obair ina ngrúpaí chun taighde a dhéanamh agus a dtorthaí a chomhroinnt agus a chur i láthair) ✓ Iarr ar na scoláirí ceisteanna a ullmhú ✓ Cuir baill foirne na scoile ar an eolas faoin imeacht – an bhfuil baint ag an gceardlann le haon ábhair/téamaí eile atá á iniúchadh ag múinteoirí eile? 	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Cuir an tionscadal taighde in oiriúint d'aon fhaisnéis nua a fuarthas le linn an turais ✓ Cuir an méid atá foghlamtha i láthair nó eagraigh ceardlann faoin turas do bhliainghrúpaí eile ✓ Déan machnamh ar an gcaoi a gcuirfidh sé seo bonn eolais faoi na chéad chéimeanna eile i dtreo gníomh fiúntach a dhéanamh? ✓ Inis do mhúinteoirí eile faoi!
Aoi-Chainteoir – Cuairt ar an scoil	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Mínigh roimh ré cé atá ag teacht chuig an scoil agus cén fáth ✓ Leag béim ar an mbaint atá ag an gcainteoir nó ag an gceardlann seo leis an téama atá á iniúchadh agat féin agus na scoláirí 	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Leag amach tréimhse ama i gcomhair plé ranga tar éis na cuairte ✓ Déan athbhreithniú agus treisiú ar na gníomhartha agus na moltaí a rinne an cainteoir, agus tuilleadh taighde nó pleananna ceachta san áireamh
Imeacht – Díospóireacht (Inmheánach/sheachtrach)	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Déan cinnte de go n-úsáidfídh tú an tsamhail 'Digging Deeper' ionas gur féidir leis na scoláirí atá i mbun díospóireachtaí argóintí measta eolasacha a chur i láthair ✓ Déan iniúchadh ar an oiread meonta, foinsí agus tuairimí agus is féidir (ón dá thaobh den argóint) 	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Déan iarracht an díospóireacht a chur chun cinn: an bhféadfaí í a chur ar bun le ranganna eile, scoileanna eile agus ar ardáin eile? ✓ Scrúdaigh príomhargóintí chun bonn eolais a chur faoin spreagadh feasachta agus faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le gníomh fiúntach ✓ Úsáid na príomhargóintí sin, nó sleachta nó taifeadtaí, i nuachtlitreacha, ar na meáin shóisialta, ar an raidió, etc.



Cineál Gníomhaíochta	Roimhe	Ina Dhiaidh
Imeacht – Lá Feasachta/ Gníomhaíochta	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Tacaigh leis na scoláirí ionas go n-eagróidh siad Laethanta Feasachta/Gníomhaíochta as a stuaim féin. Féach chuige freisin go mbeidh an-deis ag na scoláirí eolas maith a chur ar an tsaincheist ✓ Bígí seasta dírithe ar na saincheisteanna ceartais dhomhanda ✓ Cleachtaigí ceisteanna a fhreagairt agus an topaic a chur i láthair ✓ Scríobhaigí liosta gníomhartha a bhféadfadh na daoine a bheidh i láthair páirt a ghlacadh iontu ✓ Spreag na múinteoirí eile chun an topaic a chlúdach sa seomra ranga 	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Déan an t-imeacht a mheas leis na scoláirí ✓ Meabhraigí na príomhphointí daoibh féin trí úsáid a bhaint as na bealaí faisnéise atá ar fáil (na meáin shóisialta, nuachtlitreacha, blag, suíomh gréasáin na scoile, etc.) ✓ Déan obair leantach leo siúd a bhí páirteach san imeacht agus le pobal na scoile chun gníomh fiúntach leanúnach a chur chun cinn ✓ Déan an t-ábhar a phlé leis na scoláirí le linn ceachtanna agus gníomhaíochtaí chun cur leis an eolas atá acu air agus leis an spéis atá acu ann
Tionscnamh Scoile – Múrmhaisiú/Saothar ealaíne, Físeán, Podchraoladh, Taispeántas	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Déanaigí iniúchadh ar théama an tionscnaimh le linn dhá sheisiún ranga ar a laghad sula dtosóidh sibh air ✓ Tugaigí cuireadh d’aoichainteoir nó do shaineolaí chun sibh a spreagadh ✓ Déanaigí taighde ar an téama agus ar thionscnaimh ó gach cearn den domhan atá cosúil leis an gceann a roghnaigh sibh féin ✓ Téigí i bpáirt le daoine sa scoil a bhíonn ag plé leis na hEalaíona, Teicneolaíocht agus ábhair ábhartha eile ✓ Smaoinigí ar shaolré agus inbhuanaitheacht na n-ábhar a úsáidtear 	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Úsáidigí an saothar mar uirlis oideachais do phobal na scoile agus do phobail níos faide i gcéin ✓ Eagraigí imeacht chun an saothar a sheoladh agus tapaigí an deis sin chun an teachtaireacht a chomhroinnt ✓ Déanaigí fógraíocht faoin saothar chun lucht féachana nua ardtionchair a mhealladh, ar nós Teachtaí Dála, na meáin áitiúla, etc.
Tionscnamh Scoile – Feachtas Litreacha	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Téigí i bpáirt le múinteoirí Béarla na scoile agus leis na ranna teanga eile ✓ Bailigí faisnéis ábhartha ✓ Déanaigí na saincheisteanna a phlé ✓ Déanaigí seiceáil chúramach ar an bhfaisnéis agus ar na fíricí ✓ Déanaigí teagmháil le saineolaithe ábhartha chun bonn eolais a chur faoin bhfeachtas 	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Coinnigí an brú ar dhaoine – leanaigí oraibh ag scríobh agus ag ullmhú le haghaidh freagraí ✓ Déanaigí na litreacha a chomhroinnt ar na meáin shóisialta, i nuachtlitreacha, sna meáin áitiúla, etc. ✓ Bígí foighneach – ní aistear gearr é feachtas a rith
Tionscnamh Scoile – Athrú Beartais	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Fiosraigh leis na scoláirí cén fáth a bhfuil gá le hathrú beartais ✓ Úsáidigí an méid atá foghlamtha tríd an gclár chun féachaint cén t-athrú atá ag teastáil ✓ Téigí i gcomhairle leis an oiread páirtithe leasmhara agus is féidir (e.g. tuismitheoirí, scoláirí, múinteoirí, etc.) agus téigí ag obair leo ✓ Iarr ar na scoláirí féin an beartas a cheapadh agus a bheith páirteach sa phróiseas 	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Eagraigí imeacht chun an beartas a sheoladh le pobal na scoile ar fad agus pobail níos faide i gcéin ✓ Déanaigí cur síos ar an mbeartas in iris na scoile, i nuachtlitreacha agus ar an suíomh gréasáin ✓ Déanaigí seisiún plé faoin mbeartas leis an oiread scoláirí agus múinteoirí agus is féidir agus mínigí dóibh cén fáth go bhfuil sé ábhartha
Tionscnamh Scoile – Gairdín Domhanda	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Buail le múinteoirí ó réimsí ábhar éagsúla ar spéis leo an tionscnamh seo chun plean a ullmhú le míniú do na scoláirí cén fáth a bhfuil sibh ag tabhairt faoin ngairdín, agus chun iad a ullmhú i gcomhair na scileanna praiticiúla a bheidh ag teastáil ✓ Déan iniúchadh leis na scoláirí ar théamaí a bhaineann le bithéagsúlacht, biafhlaithreas, athrú úsáide talún/cearta talún agus inbhuanaitheacht chun naisc a dhéanamh le saincheisteanna ceartais dhomhanda ✓ Bain úsáid as saothair ealaíne nó rud éigin a léiríonn tiomantas na scoile do OSD 	<ul style="list-style-type: none"> ✓ Déan cinnte de go dtabharfar aire don ghairdín agus go nglacfar freagracht as an obair sin ✓ Iarr ar na múinteoirí an gairdín a úsáid chun comhrá a spreagadh faoi shaincheisteanna domhanda ✓ Úsáid an gairdín mar uirlis oideachais do phobal na scoile agus do phobail níos faide i gcéin ✓ Cuir an gairdín ar a súile don chuid eile de phobal na scoile trí ghníomhaíocht chun feasacht a spreagadh e.g. piarfhoghlaim, seoladh

Gradam an Phas Dhomhanda

Cibé an bhfuil sé ar intinn ag do scoil iarratas a dhéanamh ar Ghradam an Phas Dhomhanda nó nach bhfuil, is féidir le creat an Ghradaim sin cuidiú leat le smaointe cabhracha le haghaidh do chlár OSD chun dul i dtreo cur chuige leabaithe i leith OSD.

Is féidir tacú le planáil éifeachtach sa scoil uile chun rannpháirtíocht na scoile in OSD a threisiú, a neartú agus a chothú trí úsáid a bhaint as Creat an Phas Dhomhanda agus dá bhrí sin ní mór fáil a bheith ag gach ball foirne scoile ar chóip den uirlis bhunaidh sin.



PAS DOMHANDA WWGS

Is comhartha cáilíochta i réimse an Oideachais Saoránachta Domhanda (OSD) é Gradam an Phas Dhomhanda, a chuireann creat ar fáil do scoileanna ionas gur féidir leo OSD a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim. Is creidiúnú féinmheasúnaithe maidir le OSD é, a ndéantar iniúchadh seachtrach air agus atá ar oscailt do gach iar-bhunscoil in Éirinn.

GRADAIM

Trí chineál éagsúla Pas Domhanda atá ann ar féidir libh iarratas a dhéanamh orthu ag brath ar leibhéal rannpháirtíochta na scoile leis an OSD:



Pas na Saoránach

Pas na Saoránach – lena n-aghaidh siúd atá ag tosú ar an rannpháirtíocht le OSD



Pas Taidhleoireachta

I gcomhair rannpháirtíocht sheanbhunaithe le OSD



Pas Speisialta

I gcomhair rannpháirtíocht den chéad scoth le OSD

GRADAM DEA-CHLEACHTAIS

Is gradam breise é an 'Gradam Dea-Chleachtas' a bhronntar ar scoileanna as a gcleachtas eiseamláireach faoi chatagóirí an scoláire, an mhúinteora agus an phobail áitiúil. Is féidir leat scoláirí, múinteoir nó do scoil a ainmniú as ucht rannpháirtíocht den chéad scoth maidir le OSD a chur i bhfeidhm.

CÉARD ATÁ I GCEIST?

Féachfaidh sibh ar leibhéal gníomhaíochta na scoile in OSD i sé chatagóir (Stampaí Pas) agus tabharfaidh sibh samplaí den obair atá ar bun agaibh i ngach réimse díobh sin. Beidh catagóir Ghradam an Phas Dhomhanda a bhronnfar as measc na dtrí chatagóir thuas ag brath ar an scór iomlán a bhainfeadh amach i ngach ceann de na réimsí sin.



GRADAM DEA-CHLEACHTAIS

GRADAM DEA-CHLEACHTAIS

Léiríonn gach Stampa Pas Dhomhanda gné éagsúil de shaol na scoile.



LEIDEANNA CHUN TABHAIRT FAOI PHAS DOMHANDA A BHAINT AMACH

1. Cláraigh lena chur in iúl gur spéis libh cur isteach ar Ghradam an Phas Dhomhanda:
<http://www.worldwiseschools.ie/register-yourinterest/>
2. Téigí i dteagmháil le d'Oifigeach Oideachais WWGS chun tuilleadh tacaíochta agus treorach a fháil maidir leis an bhfoirm iarratais a líonadh isteach.
3. Tugaigí faoi iniúchadh ar an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD): Déanaigí mapáil ar an ngníomhaíocht OSD atá ar siúl sa scoil faoi láthair. Féachaigí cén saibhreas eolais agus acmhainní OSD atá sa scoil cheana féin. Is minic a bhíonn OSD ar bun i scoileanna, ach d'fhéadfadh sé nach mbíonn daoine ag smaoineamh air ar an gcaoi sin nó nach é OSD a thugtar air. Smaoinigí ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí a thabharfaid sibh faoi deara maidir le OSD agus an t-iniúchadh ar bun agaibh. Ach na snáitheanna OSD go léir a thabhairt le chéile, is féidir cur chuige na scoile i leith OSD a neartú agus a chothú.
4. Bainigí leas as cur chuige daonlathach chun Coiste OSD a bhunú agus a chothú sa scoil, ar a mbeidh ionadaithe de chuid na scoláirí, na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí agus phobal an cheantair.
5. Téigí chuig an táb 'Pas Domhanda' ar shuíomh gréasáin WWGS chun féachaint cé na tacaíochtaí ábhartha atá ar fáil do gach ceann de Stampaí an Phas Dhomhanda.
6. Réitigí an bealach don phiarfhoghlaim (i measc múinteoirí agus i measc scoláirí) nuair is féidir. An bhfuil saineolas éigin ag múinteoir amháin a rachadh chun tairbhe na múinteoirí eile? An féidir le grúpa scoláirí sna hardranganna gné éigin de OSD a mhúineadh do ghrúpa níos óige, nó a mhalairt?
7. Eagraigí gníomhaíochtaí nó imeachtaí a chuirfidh leis an bhfeasacht ar OSD chun éachtaí OSD na scoile a cheiliúradh. Bíodh an oiread daoine agus is féidir páirteach san imeacht.



Register online

8. Bíodh an OSD le feiceáil go soiléir sa scoil. Cuirigí torthaí an iniúchta ar OSD ar taispeáint ar na cláir fógraí agus cuirigí leis an eolas sin de réir mar a thabharfar faoi thionscnaimh nua. Bainigí úsáid as saothair ealaíne, foilseacháin na scoile agus tionóil chun léargas a thabhairt ar an tiomantas seasta atá ag an scoil maidir leis an domhan a athrú chun feabhais do chách.
9. Ná dírigí isteach ró-mhór ar ghrúpa sonracha scoláirí. Cén deis atá ann OSD a leathnú chuig grúpaí eile scoláirí? Bainigí leas as an eolas faoi OSD atá sa scoil cheana agus cuirigí leis, mar shampla, bígí ag plé le cuid mhór daoine éagsúla as measc na múinteoirí, na scoláirí, na gceannairí scoil, an lucht bainistíochta agus na dtuismitheoirí.
10. Scaipigí an scéala faoi théamaí OSD agus faoi ghníomhaíochtaí OSD na scoile. Spreagaigí gach duine sa scoil chun labhairt amach ar líne ar son OSD (ar shuíomh gréasáin na scoile, ar ardáin na meán sóisialta, etc.) agus sna meáin áitiúla (nuachtlitir na scoile, an stáisiún raidió áitiúil, nuachtáin áitiúla, etc.).
11. Déanaigí cinnte de go bhfágfaid sibh a ndóthain ama agaibh féin chun machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí OSD na scoile agus iad a mheas. Cuirigí iarratas isteach ar Phas Domhanda WWGS mar bhealach chun measúnú a dhéanamh ar an méid atá á dhéanamh cheana féin agus ar na céimeanna chun cinn a d'fhéadfaí a thógáil.

Féachaigí ar shuíomh gréasáin WWGS i gcomhair acmhainní breise chun tacú leis an obair OSD atá ar bun agaibh. Tá foireann Scoileanna Domhanda WorldWise ar fáil chun comhairle a chur oraibh agus acmhainní a chur ar fáil maidir le conas an tOideachas Saoránachta Domhanda a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach sna hiar-bhunscoileanna ar fud na tíre.

Suíomh Gréasáin Scoileanna Domhanda WorldWise:
www.worldwiseschools.ie/global-passport/

Ríomhphost: **info@worldwiseglobalschools.ie**

WWGS ar na Meáin Shóisialta:

 @WorldWiseGlobalSchools

 @WorldWise_Irl

 global_citizenship_education

Teil. 01 685 2078

Tá Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm ag cuibhreas ina bhfuil Self Help Africa, Concern agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.



STAMPA A hAON: NÉITHE CURACLAIM

Stampaí an Phas Dhomhanda

Catagóirí	Leibhéal Gníomhaíochta atá ag Teacht Chun Cinn	Leibhéal Gníomhaíochta Seanbhunaithe	Leibhéal Gníomhaíochta den Scoth
<p>1. OSD i gCuraclam na Sraithe Sóisearaí Déanann na múinteoirí iniúchadh ar théamaí OSD leis na scoláirí ina réimsí ábhair féin – agus iad ag cur a ndúshlán breathnú ar an domhan agus ar an ról atá acu féin chun é a dhéanamh níos córa, níos cothroime agus níos inbhuanaithe <i>*Cur chuige comhpháirteach maidir le OSD ar bhonn dhá réimse ábhair ar a laghad, nó cur chuige atá dírithe ar théama OSD a bhaineann le dhá réimse ábhair ar a laghad</i></p>	Líon na n-ábhar nó na gcúrsaí ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 1-2	Líon na n-ábhar nó na gcúrsaí ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 3-5 Cur chuige traschuraclaim*: Rinneadh iarrachtaí praiticiúla é seo a bhunú	Líon na n-ábhar nó na gcúrsaí ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 5+ Cur chuige traschuraclaim*: Tá comhar foirmiúil bunaithe ina bhfuil 3 ábhar nó níos mó ag obair le chéile chun téama OSD a iniúchadh
<p>2. OSD san Idirbhliain Déanann múinteoirí téamaí OSD a scrúdú in éineacht leis na scoláirí i réimsí ábhair nó i modúil Tá an clár comhtháite sna príomhábhair agus/nó tá modúil ann atá dírithe ar scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar théamaí OSD</p>	Líon na n-ábhar ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 1-2	Líon na n-ábhar ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 3-5 Modúl nó cúrsa gairid OSD: 6 seachtaine ar a laghad	Líon na n-ábhar ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 5+ Modúl nó cúrsa gairid OSD: Ar an amhlár ar feadh na bliana- rang dúbailte amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine Cur chuige traschuraclaim: Ar a laghad 3 réimse ábhair ag obair le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar OSD Téamaí: Iniúchadh mionsonraithe ar théama lárnach amháin ar a laghad in OSD
<p>3. OSD i gCuraclam na Sraithe Sínearaí Déanann na múinteoirí iniúchadh ar théamaí OSD leis na scoláirí ina gcuid réimsí ábhair féin</p>	Líon na n-ábhar ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 1-2	Líon na n-ábhar ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 3-5 Cur chuige traschuraclaim: Rinneadh iarrachtaí praiticiúla é seo a bhunú	Líon na n-ábhar ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 5+ Cur chuige traschuraclaim: Tá comhar foirmiúil bunaithe ina bhfuil 3 ábhar nó níos mó ag obair le chéile chun téama OSD a iniúchadh
<p>4. Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus/nó an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus/nó Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh Déanann na múinteoirí iniúchadh ar théamaí OSD leis na scoláirí ina gcuid réimsí ábhair féin</p>	Líon na n-ábhar nó na modúil ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 1-2	Líon na n-ábhar nó na modúil ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 3-5 Cur chuige traschuraclaim: Rinneadh iarrachtaí é seo a chur i bhfeidhm	Líon na n-ábhar nó na modúil ina ndéantar iniúchadh ar OSD: 2 nascmodúl nó modúl roghnach OSD
<p>5. Pleanáil Curaclaim Tá OSD comhtháite go soiléir sna pleananna i gcomhair na ranna ábhar Tá ábhair agus modhanna OSD á n-úsáid chun torthaí foghlama a bhaint amach nó ráitis foghlama a chur i bhfeidhm in ábhair</p>	Líon na n-ábhar ina bhfuil OSD comhtháite sna pleananna: 1-2	Líon na n-ábhar ina bhfuil OSD comhtháite sna pleananna: 3-5 Líon na bpleananna atá ag na ranna ábhar: 1-2 Cur chuige traschuraclaim: Tá iarrachtaí á ndéanamh cur chuige traschuraclaim a chur i bhfeidhm, agus tá príomhthéama OSD á iniúchadh thar 2 ábhar ar a laghad	Líon na n-ábhar ina bhfuil OSD comhtháite sna pleananna: lad go léir Líon na bpleananna atá ag na ranna ábhar: 3+ Cur chuige traschuraclaim: Tá an cur chuige traschuraclaim bunaithe go foirmiúil agus é comhtháite sa phlean, agus tá príomhthéama OSD á iniúchadh thar 3 ábhar ar a laghad



STAMPA A DÓ: GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACH-CHURACLAIM

Catagóirí	Leibhéal Gníomhaíochta atá ag Teacht Chun Cinn	Leibhéal Gníomhaíochta Seanbhunaithe	Leibhéal Gníomhaíochta den Scoth
<p>1. Cláir Taispeána OSD Clár taispeána OSD ina dtaispeántar eolas faoi théamaí OSD agus/nó faoi thionscadail OSD atá ar siúl sa scoil</p>	<p>Cineál taispeántais: Sealadach Le feiceáil: I seomra ranga nó seomraí ranga ar leith</p>	<p>Cineál taispeántais: Buan Infheictheacht: Tá amharc soiléir ag pobal uile na scoile ar na cláir thaispeána Comhlíonadh: Cód Iompair Dóchas maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí</p>	<p>Cineál clár taispeána: Buan Infheictheacht: Tá amharc soiléir ag pobal uile na scoile ar na cláir thaispeána Nuashonrú: Go rialta Comhlíonadh: Tá Cód Iompair Dóchas maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí á chomhlíonadh agus díritear aird ar an gcomhlíonadh sin</p>
<p>2. Tionóil Tionóil ina dtugtar aghaidh ar théamaí éagsúla a bhaineann le OSD</p>	<p>Minicíocht: 2 tionóil i scoilbhliain amháin Ceannaireacht: Múinteoir Téann i bhfeidhm ar: Bliainghrúpa amháin ar a laghad</p>	<p>Minicíocht: 3 tionóil ar a laghad i scoilbhliain amháin Ceannaireacht: Bíonn ról gníomhach ag scoláirí sa phleanáil, mar shampla téama a chinneadh, cainteoirí a mholadh etc. Téann i bhfeidhm ar: 2-3 bhliainghrúpa</p>	<p>Minicíocht: 3 tionóil nó níos mó i scoilbhliain amháin Ceannaireacht: Is iad na scoláirí atá i gceannas ar an bpleanáil agus ar chur i bhfeidhm an phlean, mar shampla, is iad a dhéanann comhordú, a chinneann cé na téamaí agus na cainteoirí a bheidh acu, etc. Téann i bhfeidhm ar: Na baill foirne agus na scoláirí go léir</p>
<p>3. Imeachtaí a bhaineann le Téamaí OSD Imeacht ag a bhfoghlaimíonn scoláirí faoi théama OSD* agus ag a spreagtar iad chun gníomhaíocht a dhéanamh ina leith, mar shampla an Lá Domhanda in aghaidh Dúshaothrú Leanaí, Lá Idirnáisiúnta na nMirceach, an Lá Domhanda um Cheartas Sóisialta, The World's Largest Lesson, Lá an Domhain, Coicís na Cóirhrádála (féach Pleanáil Balla WWGS) *Ach ní imeacht carthanachta ná imeacht atá dírithe ar airgead a bhailiú</p>	<p>Rannpháirtíocht: Níos mó ná bliainghrúpa amháin Doimhneacht: Dírithe ar fheasacht a spreagadh</p>	<p>Rannpháirtíocht: Thart ar leath na mbliainghrúpaí Doimhneacht: Athrú iompair a spreagadh i measc phobal na scoláirí agus/nó tionchar a imirt ar chórais Scafláil: Tugann roinnt foghlaiméirí faoi ullmhú agus foghlaim roimh an imeacht</p>	<p>Rannpháirtíocht: Gach bliainghrúpa, agus tá an t-imeacht ar oscailt do phobal an cheantair Doimhneacht: Gníomh cinntitheach ina mbíonn na scoláirí i mbun athrú iompair agus lena n-imríonn siad tionchar ar chórais Scafláil: Tugann gach foghlaiméir faoi ullmhú agus foghlaim roimh an imeacht agus ina dhiaidh</p>
<p>4. Tionscnaimh Náisiúnta Iar-bhunscoile atá dírithe ar OSD Tionscnaimh iar-bhunscoile ina ndéantar iniúchadh ar théamaí áitiúla agus téamaí domhanda a bhaineann le OSD, mar shampla Díospóireachtaí Concern, YSI, Gradaim na nEolaithe Óga de chuid ECO-UNESCO, Gradam an Chomhshaoiláí Óig de chuid ECO-UNESCO</p>	<p>Rannpháirtíocht: Bliainghrúpa amháin ar a laghad Líon na dtionscnamh iar-bhunscoile: Ceann amháin ar a laghad</p>	<p>Rannpháirtíocht: 3 bhliainghrúpa Líon na dtionscnamh iar-bhunscoile: Ceann amháin ar a laghad Foghlaim chomhroinnte: Tá thart ar leath na bhfoghlaiméirí ar an eolas faoin tionscadal nó tá siad páirteach ann</p>	<p>Rannpháirtíocht: Tá deiseanna ag formhór na bhfoghlaiméirí agus na mball foirne páirt a ghlacadh ann Líon na dtionscnamh iar-bhunscoile: Níos mó ná ceann amháin Foghlaim chomhroinnte: Tá an scoil ar fad ar an eolas faoi na tionscadail nó páirteach iontu</p>
<p>5. Gníomhaíochtaí de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha atá dírithe ar OSD Cuireann eagraíocht neamhrialtasach* gníomhaíochtaí OSD ar bun a mbíonn deiseanna ag foghlaiméirí agus múinteoirí páirt a ghlacadh iontu <i>*Déan teagmháil le WWGS le haghaidh liosta éascaitheoirí</i></p>	<p>Líon na mbabhtá ionchuir ó eagraíochtaí neamhrialtasacha: 1 Rannpháirtíocht: 1-2 rang scoláirí. Bíonn múinteoirí i láthair agus iad páirteach sa gníomhaíocht Fócas/Ceannaireacht: Tugann an múinteoir cuireadh d'eagraíocht neamhrialtasach tús eolais a thabhairt do na scoláirí faoi OSD</p>	<p>Líon na mbabhtá ionchuir ó eagraíochtaí neamhrialtasacha: Rannpháirtíocht: 3-5 rang scoláirí. Ceann amháin ar a laghad Rannpháirtíocht: 3-5 rang scoláirí. Bíonn na múinteoirí gníomhach i mbun ceannaireachta Fócas/Ceannaireacht: Tugann múinteoir nó múinteoirí cuireadh d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ionchur a thabhairt maidir le téama sonrach a bhaineann leis an gceartas domhanda Scafláil: Déantar iniúchadh áirithe ar théama OSD roimh an ionchur</p>	<p>Líon na mbabhtá ionchuir ó eagraíochtaí neamhrialtasacha: 2 cheann nó níos mó Rannpháirtíocht: Tugtar an deis do phobal uile na scoile páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na heagraíochta neamhrialtasáí Fócas/Ceannaireacht: TTugann múinteoir nó múinteoirí cuireadh d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ionchur sonrach a sholáthar chun comhlánú a dhéanamh ar an bhfoghlaim OSD atá ar bun cheana Scafláil: : Iniúchadh tréan ar théama OSD roimh an ionchur agus ina dhiaidh</p>



STAMPA A TRÍ: ACMHAINN AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT NA MÚINTEOIRÍ

Catagóirí	Leibhéal Gníomhaíochta atá ag Teacht Chun Cinn	Leibhéal Gníomhaíochta Seanbhunaithe	Leibhéal Gníomhaíochta den Scoth
<p>1. Coiste OSD na Foirne Tá ról ag múinteoirí ar choiste OSD a thacaíonn le OSD sa scoil agus a dhéanann comhordú air. Déanann siad an fhoghlaim OSD a chomhroinnt sa choiste féin agus i measc na foirne go léir.</p>	<p>Minicíocht na gcruinnithe: Ar a laghad 2 chruinniú in aghaidh na bliana Ionadaíocht: Triúr múinteoirí nó níos mó Ceannaireacht: Múinteoir amháin a bhfuil ról lárnach aige nó aici</p>	<p>Minicíocht na gcruinnithe: Ar a laghad 4 chruinniú in aghaidh na bliana Ionadaíocht: Cúigear múinteoirí ar a laghad agus iad ag plé le 3 ábhar nó níos mó Ceannaireacht: Beirt mhúinteoirí agus fáilte roimh ionchur ó na scoláirí</p>	<p>Minicíocht na gcruinnithe: Rialta (cruinniú amháin ar a laghad sa mhí) Ionadaíocht: Múinteoir ó gach réimse ábhair Ceannaireacht: Múinteoir amháin nó níos mó agus lucht bainistíochta ag obair le coiste scoláirí</p>
<p>2. Acmhainní Tá na múinteoirí ag baint leas as acmhainní ardchaighdeán* OSD chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim, mar shampla treoracha ábhair de chuid WWGS, an suíomh gréasáin The World's Largest Lesson <i>*Ní mór gur acmhainní atá i gceist ina ndéantar iniúchadh ar théamaí OSD trí chur chuige ceartais/dlúthpháirtíochta (seachas cur chuige carthanachta) AGUS ní mór dóibh cloí le Cód Iompair Dóchas maidir le hIomhánna agus Teachtaireachtaí</i></p>	<p>Líon na múinteoirí a úsáideann acmhainní OSD: Idir duine agus triúr Líon na n-acmhainní: 1-2 in aghaidh an mhúinteora</p>	<p>Líon na múinteoirí a úsáideann acmhainní OSD: Thart ar leath na múinteoirí Líon na n-acmhainní: 3-5 in aghaidh an mhúinteora</p>	<p>Líon na múinteoirí a úsáideann acmhainní OSD: Gach duine de na múinteoirí Líon na n-acmhainní: 5+ in aghaidh an mhúinteora</p>
<p>3. Deiseanna FGL Tá na múinteoirí ag baint leas as forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ar théamaí OSD trí phiarfhoghlaim nó trí mheán éascaitheoirí seachtracha ar nós WWGS</p>	<p>Líon na múinteoirí a fhreastalaíonn ar FGL: 5-20% Am: 5 uair an chloig ar a laghad</p>	<p>Líon na múinteoirí a fhreastalaíonn ar FGL: 20- 50% Am: 3 uair an chloig ar a laghad</p>	<p>Líon na múinteoirí a fhreastalaíonn ar FGL: an fhoireann ar fad (na múinteoirí go léir agus daoine de lucht bainistíochta na scoile) Am: 2 uair an chloig ar a laghad</p>
<p>4. Rannpháirtíocht na Foirne go léir Tá an fhoireann ag múineadh OSD mar chuid den churaclam nó mar ábhar seach-churaclaim</p>	<p>Rannpháirtíocht: 5-20% den fhoireann</p>	<p>Rannpháirtíocht: 20-50% den fhoireann</p>	<p>Rannpháirtíocht: 50-100%</p>
<p>5. Machnamh I gcás na múinteoirí atá ag gabháil don OSD, déanann siad machnamh agus meastóireacht air agus tugann siad aiseolas mar chuid d'fhoghlaim OSD sa scoil. Más féidir é, bailítear na sonraí sin agus úsáidtear iad chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil i gcomhair ghníomhaíochtaí OSD na bliana dar gcionn</p>	<p>Líon na múinteoirí: 5-20% Cur Chuige: Féinmhachnamh neamhfhoirmiúil An úsáid a bhaintear as na sonraí: Machnamh ar fhoghlaim OSD agus daingniú na foghlama sin</p>	<p>Líon na múinteoirí: 20-50% Cur Chuige: Féinmhachnamh foirmiúil Bailiú Sonraí: Uirlis Féinmheasúnaithe Scoileanna Domhanda WorldWise An úsáid a bhaintear as na sonraí: Déanann an múinteoir machnamh ar an bhfoghlaim OSD agus daingniú uirthi ar mhaithe le bonn eolais a chur faoin bpleanáil a dhéanann an múinteoir i gcomhair OSD na bliana dar gcionn</p>	<p>Líon na múinteoirí: Gach múinteoir agus lucht bainistíochta na scoile Cur Chuige: Athbhreithniú foirmiúil Bailiú Sonraí: Uirlis Féinmheasúnaithe Scoileanna Domhanda WorldWise nó modh na scoile féin An úsáid a bhaintear as na sonraí: Déanann an múinteoir machnamh ar an bhfoghlaim OSD agus daingniú uirthi; cuirtear bonn eolais faoin bpleanáil a dhéanann múinteoirí i gcomhair ghníomhaíochtaí OSD na bliana dar gcionn; agus mar ghné de phróisis phleanála na scoile</p>



STAMPA A CEATHAIR: ACMHAINN AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT NA SCOLÁIRÍ

Catagóirí	Leibhéal Gníomhaíochta atá ag Teacht Chun Cinn	Leibhéal Gníomhaíochta Seanbhunaithe	Leibhéal Gníomhaíochta den Scoth
<p>1. Coiste OSD na Scoláirí Tá grúpa scoláirí ann a thagann le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar théamaí OSD sa scoil, mar shampla, Coiste OSD, grúpa síochána agus ceartais, grúpa saincheisteanna domhanda, grúpa cearta daonna</p>	<p>Minicíocht na gcruinnithe: Ar a laghad 4 chruinníú in aghaidh na bliana Ionadaíocht: Scoláirí ó aon rang nó aon bhliain amháin Ceannaireacht: Á chomhordú ag múinteoir</p>	<p>Minicíocht na gcruinnithe: Ar a laghad 8 n-uair sa bhliain Ionadaíocht: Scoláirí ón tsraith shóisearach agus ón tsraith shinsearach Ceannaireacht: Á chomhordú ag scoláirí ach tá beirt bhall foirne ar a laghad páirteach ann freisin Doimhneacht: Tugtar faoi ghníomhaíochtaí múscaillte feasachta chun pobal na scoile a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna OSD</p>	<p>Minicíocht na gcruinnithe: Thart ar dhá uair sa mhí Ionadaíocht: Scoláirí ó gach bliainghrúpa Ceannaireacht: Á chomhordú ag scoláirí ach tugann na múinteoirí agus an lucht bainistíochta an-tacaíocht dó Doimhneacht: Tugtar faoi ghníomhaíochtaí chun gach duine sa scoil a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna OSD agus spreagtar gach duine sa scoil chun dul i mbun gnímh</p>
<p>2. Piarfhoghlaim OSD Bíonn foghlaimoirí ó ábhar/rang amháin páirteach go díreach le foghlaimoirí ó ábhair nó ranganna eile (mar shampla, bíonn Rang 2A na Tíreolaíochta ag obair le Rang 2C an Bhéarla agus/nó Rang 3D na Matamaitice). Mar chuid de sin, d'fhéadfaí dul ag obair ar thionscadal comhroinnte OSD chun an phiarfhoghlaim struchtúrach a éascú</p>	<p>Rannpháirtíocht: Rang amháin ar a laghad ag obair le rang amháin eile ar a laghad Scil: Tá muinín ag na scoláirí astu féin agus iad ag gabháil d'obair ghrúpa chun téamaí OSD a scrúdú lena gcuid comhscoláirí Tasc: Gníomhaíocht chomhroinnte OSD</p>	<p>Rannpháirtíocht: ARang amháin ar a laghad ag obair le dhá rang eile ar a laghad (d'fhéadfadh sé gur bliainghrúpaí éagsúla a bheadh i gceist) Scil: Tá muinín ag na scoláirí astu féin maidir le foghlaim OSD a chur in iúl dá gcuid comhscoláirí agus a chomhroinnt leo Tasc: Tionscadal comhroinnte OSD agus/nó piarfhoghlaim</p>	<p>Rannpháirtíocht: Dhá rang ar a laghad ag obair le dhá rang eile ar a laghad (d'fhéadfadh sé gur bliainghrúpaí éagsúla a bheadh i gceist) Scil: Tá muinín ag na scoláirí astu féin maidir le foghlaim OSD a phleanáil agus a éascú lena gcuid comhscoláirí Tasc: Éascaíonn na scoláirí seisiúin chun an fhoghlaim a chomhroinnt lena gcuid comhscoláirí agus modhanna cruthaitheacha á n-úsáid acu</p>
<p>3. Forbairt na Scileanna Saoránachta Domhanda Cuirtear oiliúint ar leith ar na scoláirí chun forbairt a dhéanamh ar na scileanna a theastaíonn le haghaidh gníomhaíocht chuí éigin a phleanáil agus tabhairt fúithi chun dul i ngleic le saincheist éigin a bhaineann leis an gceartas domhanda</p>	<p>Rannpháirtíocht: Rang amháin ar a laghad Ceannaireacht: Aithníonn an múinteoir scileanna ábhartha nach mór a fhorbairt Cur i bhFeidhm: Ceaptar deiseanna i gcomhair na scoláirí chun scileanna OSD a fhorbairt agus a chleachtadh</p>	<p>Rannpháirtíocht: Bliainghrúpa amháin ar a laghad Ceannaireacht: Teacher(s) work with students to identify the GCE skills needed to take action Cur i bhFeidhm: Ceaptar deiseanna i gcomhair leis na scoláirí chun scileanna OSD a fhorbairt agus a chleachtadh</p>	<p>Rannpháirtíocht: Dhá bhliainghrúpa ar a laghad Ceannaireacht: Bíonn na múinteoirí ag obair leis na scoláirí chun féachaint cé na scileanna OSD atá ag teastáil chun dul i mbun gnímh. Cur i bhFeidhm: Ceaptar deiseanna i gcomhair leis na scoláirí chun scileanna OSD a fhorbairt agus a chleachtadh</p>
<p>4. Gníomhaíocht faoi stiúir na Scoláirí Tugann na scoláirí faoi ghníomhaíochtaí fiúntacha lena dtugtar aghaidh ar bhunchúis atá le saincheist éigin a bhaineann leis an gceartas domhanda, agus baintear amach athrú iompair agus/nó imrítear tionchar ar chórais mar chuid den obair sin <i>*Athrú ar bheartas nó ar ghníomhaíocht ar leibhéal na scoile, sa cheantar, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta</i></p>	<p>Ceannaireacht: Á chomhordú ag múinteoirí agus á chur i bhfeidhm ag scoláirí Rannpháirtíocht: Bliainghrúpa amháin nó níos mó Doimhneacht: Dírithe ar fheasacht a spreagadh</p>	<p>Ceannaireacht: Á chomhordú ag múinteoirí agus á chur i bhfeidhm ag múinteoir agus scoláirí Rannpháirtíocht: Thart ar leath na mbliainghrúpaí Doimhneacht: Athrú iompair i measc na scoláirí nó athrú ar chórais Téann i bhfeidhm ar: Pobal na scoile nó pobal an cheantair</p>	<p>Ceannaireacht: Á chomhordú agus á chur i bhfeidhm ag scoláirí le tacaíocht ó mhúinteoirí agus ó lucht bainistíochta Rannpháirtíocht: An scoil iomlán Doimhneacht: Athrú iompair i measc na scoláirí nó athrú ar chórais Téann i bhfeidhm ar: Pobal na scoile / grúpaí pobail áitiúla / gnólachtaí áitiúla / rialtas áitiúil / an chomhairle contae / Teachtaí Dála / an rialtas náisiúnta</p>
<p>5. Machnamh Bíonn an deis ag na foghlaimoirí machnamh agus meastóireacht a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt mar chuid d'fhoghlaim OSD sa scoil</p>	<p>Minicíocht/cur chuige: Ó bhéal sa seomra ranga An úsáid a bhaintear as na sonraí: Déanann na scoláirí machnamh ar fhoghlaim OSD agus déanann siad i a dhaingniú</p>	<p>Minicíocht/cur chuige: Cur chuige foirmiúil ag tús agus deireadh na bliana Bailiú sonraí: Uirlis Féinnheasúnaithe WWGS An úsáid a bhaintear as na sonraí: Déanann na scoláirí machnamh ar an bhfoghlaim OSD agus daingniú uirthi, agus cuirtear bonn eolais faoin bpleanáil a dhéanann múinteoirí i gcomhair ghníomhaíochtaí OSD na bliana dar gcionn</p>	<p>Minicíocht/cur chuige: Cur chuige foirmiúil ag tús agus deireadh na bliana agus idir na gníomhaíochtaí OSD go léir Bailiú sonraí: Uirlis Féinnheasúnaithe WWGS An úsáid a bhaintear as na sonraí: Déanann na scoláirí machnamh ar an bhfoghlaim OSD agus daingniú uirthi; cuirtear bonn eolais faoin bpleanáil a dhéanann múinteoirí i gcomhair ghníomhaíochtaí OSD na bliana dar gcionn; agus mar ghné de phróisis phleanála na scoile</p>



STAMPA A CÚIG: CEANNAIREACTH AGUS BEARTAIS NA SCOILE

Catagóirí	Leibhéal Gníomhaíochta atá ag Teacht Chun Cinn	Leibhéal Gníomhaíochta Seanbhunaithe	Leibhéal Gníomhaíochta den Scoth
<p>1. Príomh-Rannpháirtíocht Tá an Príomhoide agus/nó an Leas-Phríomhoide ar an eolas faoi OSD a dhéantar sa scoil, tacaíonn siad leis agus cuireann siad chun cinn é Freastalaíonn siad ar Shiompóisiam Bliantúil WWGS do Cheannairí agus Lucht Bainistíochta Scoileann</p>	<p>Na daoine atá i gceist: An Príomhoide agus/nó an Leas-Phríomhoide Eolas: Is eol dóibh cad is OSD ann Rannpháirtíocht: Ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí OSD atá ag tarlú sa scoil Siompóisiam Bliantúil WWGS: Ar an eolas faoin imeacht sin, d'fhreastail air i mbliana nó tá sé beartaithe freastal air an bhliain seo chugainn</p>	<p>Na daoine atá i gceist: An Príomhoide agus an Leas-Phríomhoide Eolas: Tá tuiscint mhaith acu ar céard is OSD ardchaighdeán ann Rannpháirtíocht: Ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí OSD sa scoil, páirteach i bpleanáil an chláir OSD agus á chur chun cinn Siompóisiam Bliantúil WWGS: D'fhreastail air i mbliana nó anuraidh</p>	<p>Na daoine atá i gceist: Beirt ar a laghad den fhoireann bainistíochta Eolas: Tá tuiscint an-mhaith acu ar céard is OSD ardchaighdeán ann Rannpháirtíocht: Tá ról lárnach acu maidir le gníomhaíochtaí OSD a phleanáil, freastalaíonn siad ar sheisiúin oiliúna sheachtracha/inmheánacha agus cuireann siad OSD chun cinn Siompóisiam Bliantúil WWGS: D'fhreastail air i mbliana nó anuraidh agus chuir siad ionchur ar fáil don siompóisiam (más féidir é)</p>
<p>2. Rannpháirtíocht an Bhoird Bainistíochta Tá baill an bhoird bainistíochta ar an eolas faoi OSD atá ar bun sa scoil, tacaíonn siad leis agus cuireann siad chun cinn é</p>	<p>Eolas: Is eol dóibh cad is OSD ann Rannpháirtíocht: Ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí OSD atá ag tarlú sa scoil</p>	<p>Eolas: Is eol dóibh cad is OSD ann Rannpháirtíocht: Tá siad ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí OSD agus tá acmhainní leagtha amach acu chun OSD a phleanáil agus a chur chun cinn agus chun deiseanna forbartha gairmiúla a bhaineann le OSD a chur ar fáil don fhoireann</p>	<p>Eolas: Tá tuiscint an-mhaith acu ar céard is OSD ardchaighdeán ann Rannpháirtíocht: Tá ról lárnach acu maidir le gníomhaíochtaí OSD a phleanáil, freastalaíonn siad ar sheisiúin oiliúna sheachtracha/inmheánacha agus cuireann siad OSD chun cinn OSD a chur ar bhonn foirmiúil: Is mír sheasta é OSD ag cruinnithe an bhoird bainistíochta</p>
<p>3. Beartais OSD Tá beartas foirmiúil ar OSD forbartha agus á chur i bhfeidhm sa scoil. Tugadh faoi athbhreithniú ar na beartais atá ann faoi láthair chun deiseanna a aithint i dtaobh OSD a chomhtháthú, agus tá nuashonrú déanta ar an mbeartas lena léiriú go bhfuil an scoil díograiseach i leith OSD</p>	<p>Beartais scoile atá i bhfeidhm faoi láthair: Athbhreithniú orthu ceadaithe Beartas foirmiúil OSD: Ag gabháil dó go dúthrachtach agus é beartaithe forbairt a dhéanamh air Rannpháirtíocht: Spéis á cur ag na baill foirne ann</p>	<p>Beartais scoile atá i bhfeidhm faoi láthair: Athbhreithniú déanta orthu Beartas foirmiúil OSD: Forbartha Rannpháirtíocht: Daoine de na páirtithe leasmhara go léir de chuid na scoile Feasacht: I measc na foirne agus na scoláirí</p>	<p>Beartais scoile atá i bhfeidhm faoi láthair: Tá OSD ina ghné thábhachtach de bheartais eile de chuid na scoile, mar shampla, beartas iompraíochta, beartas maidir le gan plaisteach a úsáid Beartas foirmiúil OSD: Tá an beartas seo ceadaithe agus sínithe ag an mbord bainistíochta agus tá cuspóirí, tosaíochtaí straitéiseacha agus meastóireacht san áireamh ann Rannpháirtíocht: Ionadaíocht láidir ó gach páirtí leasmhar de chuid na scoile maidir le cúrsaí forbartha</p>
<p>4. Téamaí OSD i Ráitis Misin agus Ráitis Físe Tá tiomantas don OSD ina chuid den Ráiteas Físe agus den Ráiteas Misin</p>	<p>Céim: Tá gealltanús tugtha nó pleananna déanta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis</p>	<p>Céim: Leanadh próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas misin Rannpháirtíocht: Gach príomhpháirtí leasmhar (scoláirí, baill foirne, tuismitheoirí, lucht bainistíochta, etc.)</p>	<p>Céim: Cuireadh i gcrích ráiteas misin na scoile agus léirítear go soiléir ann tiomantas na scoile do OSD Feasacht: Tá an chuid is mó de phobal na scoile ar an eolas faoi OSD</p>
<p>5. Rannpháirtíocht na dTuismitheoirí agus na gCaomhnóirí Tacaíonn na Tuismitheoirí agus na Caomhnóirí le OSD sa scoil agus bíonn siad rannpháirteach ann</p>	<p>Na daoine atá i gceist: Comhairle na dTuismitheoirí Rannpháirtíocht: Ar an eolas faoi OSD sa scoil</p>	<p>Na daoine atá i gceist: Comhairle na dTuismitheoirí agus tuismitheoirí na scoláirí a mbíonn rannpháirtíocht dhíreach acu in OSD Eolas: Tuiscint acu ar cad is OSD ann Rannpháirtíocht: Ar an eolas faoi OSD sa scoil agus rannpháirteach ann</p>	<p>Na daoine atá i gceist: Comhairle na dTuismitheoirí agus formhór na dtuismitheoirí Eolas: Tuiscint mhaith acu ar cad is OSD ann Rannpháirtíocht: Tá tuismitheoirí na scoláirí ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí OSD sa scoil. Tá baint ag Comhairle na dTuismitheoirí le OSD a phleanáil agus a chur i bhfeidhm sa scoil</p>



STAMPA A SÉ: RANPHÁIRTÍOCHT LEIS AN bPOBAL

Catagóirí	Leibhéal Gníomhaíochta atá ag Teacht Chun Cinn	Leibhéal Gníomhaíochta Seanbhunaithe	Leibhéal Gníomhaíochta den Scoth
<p>1. Cúrsaí Cumarsáide Eolas á chomhroinnt faoi shaincheistanna OSD agus/nó tionscadail OSD atá ar siúl sa scoil</p>	<p>Ardáin: Nuachtlitir, suíomh gréasáin/ blag agus tuarascáil bhliantúil na scoile Minicíocht: Uair sa bhliain Ceannaireacht: Na múinteoirí</p>	<p>Ardáin: Nuachtlitir na scoile, an suíomh gréasáin/blag, an tuarascáil bhliantúil, na meáin áitiúla agus na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, etc.) Minicíocht: Níos mó ná dhá uair sa bhliain Ceannaireacht: Na múinteoirí agus na scoláirí</p>	<p>Ardáin: Nuachtlitir na scoile, an suíomh gréasáin/blag, an tuarascáil bhliantúil, na meáin áitiúla agus na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, etc.) Minicíocht: Níos mó ná trí huair sa bhliain Ceannaireacht: Ábhar á fhorbairt ag na scoláirí le tacaíocht ó mhúinteoirí</p>
<p>2. Turais Allamuigh/Cuairteanna OSD Turais nó cuairteanna lasmuigh den scoil ina ndéantar iniúchadh ar théamaí OSD, mar shampla, Cool Planet, The Rediscovery Centre, Ionad Chúnamh Éireann, ionad Ioslamach an cheantair, ionad soláthair dhirigh, ionad pobail, etc.</p>	<p>Rannpháirtíocht: Chuaigh rang amháin ar a laghad ar an turas nó ar an gcuart</p>	<p>Rannpháirtíocht: Chuaigh rang amháin ar a laghad ar an turas nó ar an gcuart Scafláil: Iniúchadh áirithe ar théama a bhaineann go sonrach le OSD roimh an ionchur Obair leantach: Rinneadh an fhoghlaim a chomhroinnt leis an mbliainghrúpa</p>	<p>Rannpháirtíocht: Chuaigh bliainghrúpa amháin ar a laghad ar an turas nó ar an gcuart Scafláil: Iniúchadh tréan ar théama OSD roimh an ionchur agus ina dhiaidh Obair leantach: Rinneadh an fhoghlaim a chomhroinnt le pobal na scoile</p>
<p>3. Rannpháirtíocht le Scoileanna Eile Rinneadh teagmháil le scoil in Éirinn chun dul i mbun tionscadail foghlama comhpháirtí ar théamaí OSD, mar shampla, ceardlanna piarfoghlama, tionscadail chomhpháirteacha foghlama, FGL chomhroinnte</p>	<p>Nasc le: Bunscoil nó iar-bhunscoil áitiúil Tiomantas: Ad hoc Spríoc foghlama: Scoláirí Gníomhaíocht: Réamhghníomhaíocht nó piarfoghlaim chomhoibríoch i réimse OSD Cuspóir: Caidreamh a chothú</p>	<p>Nasc le: Iar-bhunscoileanna Tiomantas: Nasc bunaithe, e.g. braisle/líonrak Spríoc foghlama: Scoláirí agus múinteoirí Gníomhaíocht: Tionscadal agus/nó piarfoghlaim éifeachtach, ar bhonn comhoibríoch, a bhaineann le OSD Cuspóir: Caidreamh a chothú agus foghlaim a chomhroinnt</p>	<p>Nasc le: Iar-bhunscoileanna Tiomantas: Nasc bunaithe (braisle/líonra) a bhfuil idirghníomhaíocht struchtúrach idir baill foirne i gceist leis Spríoc foghlama: Na múinteoirí agus na scoláirí Gníomhaíocht: Tionscadal agus/nó piarfoghlaim éifeachtach, ar bhonn comhoibríoch, a bhaineann le OSD Athbhreithniú: Déantar monatóireacht agus meastóireacht ar an tionscadal nó ar an bpiarfoghlaim Cuspóir: Caidreamh a chothú agus foghlaim a chomhroinnt</p>
<p>4. (roghnach) Comhpháirtíocht le iar-bhunscoil sa Domhan Theas chun dul i mbun foghlaim chomhroinnte ar théamaí OSD, mar shampla, tionscadal foghlama comhpháirtí, malartú múinteoirí</p> <p><i>*Ní mór a bheith ag comhroinnt foghlama ar shaincheist a bhfuil tábhacht ag baint léi don dá scoil, agus ní díreach grúpa amháin a bheith 'ag múineadh' an ghrúpa eile. Más féidir é, is le chéile a roghnóidh na grúpaí éagsúla an tsaincheist *Tá an taisteal roghnach i gcás na múinteoirí, agus níl sé san áireamh go mbeadh scoláirí ag taisteal</i></p>	<p>Tiomantas: Teagmháil déanta Comhaontú Comhpháirtíochta: Pléite Leibhéal: Réamhghníomhaíochtaí comhoibríochá OSD Cuspóir: Caidreamh a chothú Gníomhaíochtaí a bhféadfaí tabhairt fúthu: Comhfhreagras faoin saol laethúil, sonraí faoi na tíortha agus na córais oideachais, aidhmeanna na comhpháirtíochta agus réimsí ina bhféadfaí comhoibriú le chéile Tionchar: Dúshlán na steiréitíopaí a chur</p>	<p>Tiomantas: Tá comhpháirtíocht curtha ar bun Comhaontú comhpháirtíochta: Tá ceann sínithe Leibhéal: Tá gníomhaíocht piarfoghlama curtha ar bun Cuspóir: Caidreamh a chothú agus foghlaim a chomhroinnt Gníomhaíochtaí a bhféadfaí tabhairt fúthu: BTionscadal foghlama comhpháirtí faoi théama OSD nó faoi spríoc dhomhanda, agus an téama nó an spríoc á scrúdú trí shúile gach tíre Taisteal a dhéanann múinteoirí: Tugann múinteoirí ó scoil amháin cuairt ar an scoil chomhpháirtíochta Tionchar: Caidreamh comhionann á chothú ina bhfuil meas ag na comhpháirtithe ar a chéile, tuiscint ar an idirpleáchas ar domhan</p>	<p>Tiomantas: Tá comhpháirtíocht curtha ar bun Comhaontú comhpháirtíochta: Tá ceann sínithe. Leibhéal: Tá tionscadail piarfoghlama ar bun agus táthar ag coinneáil leo Cuspóir: Caidreamh a chothú agus foghlaim a chomhroinnt Gníomhaíochtaí a bhféadfaí tabhairt fúthu: JTionscadal foghlama comhpháirtí faoi théama OSD nó faoi spríoc dhomhanda, agus an téama nó an spríoc á scrúdú trí shúile gach tíre agus gníomhaíocht ar bun chun dul i ngleic leis an téama nó an spríoc sin Taisteal*: Tabharfaidh múinteoirí ón dá scoil cuairt ar a chéile Tionchar: Caidreamh láidir, comhionann á chothú ina bhfuil meas ag na comhpháirtithe ar a chéile, chomh maith le tuiscint dhomhain ar an idirpleáchas ar domhan agus ar bhunchúiseanna atá le saincheistanna OSD</p>

Catagóirí	Leibhéal Gníomhaíochta atá ag Teacht Chun Cinn	Leibhéal Gníomhaíochta Seanbhunaithe	Leibhéal Gníomhaíochta den Scoth
<p>5. Inbhuanaitheacht</p> <p>Tá athbheithniú déanta ag an scoil ar a inbhuanaithe is atá sí i gcomhthéacs na saoránachta domhanda (agus í ag féachaint ar na himpleachtaí áitiúla agus domhanda a bhaineann le soláthar, úsáid uisce/dramhaíola/fuinnimh nó tionchar ar an mbithéagsúlacht sa cheantar) agus tá athruithe curtha i bhfeidhm aici.</p>	<p>Céim: Tá iniúchadh/measúnú déanta</p> <p>Rannpháirtíocht: Rang nó grúpa amháin in éineacht le múinteoirí</p>	<p>Céim: Measúnú/iniúchadh agus gníomhartha praiticiúla déanta</p> <p>Rannpháirtíocht: 1-3 bhliainghrúpa, le tacaíocht ó mhúinteoirí agus le rannpháirtíocht an lucht bainistíochta</p> <p>Cineál gníomhartha: Bratacha glasa; tae, caife agus sneaiceanna Cóirthrídála sa scoil</p> <p>Scafláil: Déanann scoláirí iniúchadh ar impleachtaí áitiúla agus domhanda na hinbhuanaitheachta agus ar conas is féidir linn maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe</p>	<p>Céim: Measúnú agus gníomhartha praiticiúla déanta</p> <p>Rannpháirtíocht: An lucht bainistíochta, múinteoirí agus na scoláirí go léir</p> <p>Cineál gníomhartha: Bratacha glasa na saoránachta domhanda, beartas na scoile maidir le rudaí a cheannach (éide, trealamh spóirt, tae/caife/sneaiceanna), limistéir bhithéagsúlachta cruthaithe sa scoil</p> <p>Scafláil: Rinne na scoláirí iniúchadh ar impleachtaí áitiúla agus domhanda na hinbhuanaitheachta agus tuigeann siad na rudaí praiticiúla is féidir linn a dhéanamh inár saol féin chun maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe</p>

NÓTAÍ

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi
Scoileanna Domhanda WorldWise agus
faoi na deiseanna atá ar fáil faoin gclár
do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna
chun gabháil don Oideachas Saoránachta
Domhanda, téigh go dtí an suíomh gréasáin
www.worldwiseschools.ie

Lean muid:

-  WorldWiseGlobalSchools
-  @WorldWise_Irl
-  @global_citizenship_education
-  worldwiseschools.ie

Déan teagmháil le foireann WWGS

Tá foireann Scoileanna Domhanda WorldWise ar fáil chun comhairle a chur oraibh agus treoir, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil faoin Oideachas Saoránachta Domhanda in iarbhunscoileanna na hÉireann.

Scoileanna Domhanda WorldWise, Teach Dhroichead an Rí, 17-22 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8
www.worldwiseschools.ie | **Ríomhphost.** info@worldwiseschools.ie | **Teil.** 01 685 2078



Tá Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm ag cuibhreannas ina bhfuil Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

